# CONRADH LIOSPÓIN

Tuarascáil an Choimisiúin Reifrinn
ar an Reifreann ar an

mBILLE UM AN OCHTÚ LEASÚ IS FICHE
AR AN mBUNREACHT 2008

**(Conradh Liospóin)**




An Coimisiún
Reifrinn

# Réamhrá

De bhun Alt 14(1) den Acht Reifrinn 1998, cuirim, leis seo, tuarascáil an Choimisiúin Reifrinn, i ndáil leis an mbealach a chomhlíon sé a fheidhmeanna i leith an reifrinn ar an mBille um an Ochtú Leasú is Fiche ar an mBunreacht 2008, i láthair an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

An 6 Márta 2008, bhunaigh an tAire an Coimisiún Reifrinn trí ordú chun na feidhmeanna a chur i ngníomh i leith an reifrinn, agus a tugadh dó le hAcht Reifrinn 1998, faoi mar a leasaíodh le hAcht Reifrinn 2001.

Tar éis dom a bheith ceaptha ag an bPríomh-Bhreitheamh, rinneadh Cathaoirleach an Choimisiúin díom, agus ba iad na daoine sonraithe *ex officio* a ceapadh an ceathrar comhalta eile.

Iarfhlaith O'Neill
*Cathaoirleach,*
*Coimisiún Reifrinn*

Nollaig 2008

# Ábhair


| | Leathanach | |
|---|---|---|
| **Caibidil 1** | 4 | **Cúlra** |
| | 4 | Bunú an Choimisiúin Reifrinn |
| | 5 | Ról an Choimisiúin Reifrinn |
| | 5 | Maoiniúchán an Choimisiúin Reifrinn |
| **Caibidil 2** | 6 | **Obair Phleanála agus Ullmhúcháin Tosaigh** |
| | 6 | Srianta ó thaobh ama |
| | 7 | Bronnadh na gconarthaí |
| **Caibidil 3** | 10 | **Tuairisc ar Fheachtas Faisnéise an Choimisiúin Reifrinn** |
| | 10 | Réamhrá |
| | 10 | Suíomh Idirlín |
| | 11 | Seirbhís fhóin ar chostas íseal |
| | 13 | An leabhrán faisnéise |
| | 14 | An feachtas fógraíochta |
| | 17 | Idirghníomhaíocht leis an bpreas |
| | 17 | Monatóireacht ar shuim agus ar fheasacht an phobail |
| **Caibidil 4** | 21 | **Comhlachtaí a Cheadú chun Críocha an Reifrinn** |
| **Caibidil 5** | 23 | **An Coimisiún Reifrinn agus Srianta ó thaobh Ama** |
| | 23 | Tuarascálacha ón gCoimisiún Reifrinn roimhe seo |
| | 23 | Tréimhse ama is giorra atá riachtanach |
| **Caibidil 6** | 25 | **Éifeachtacht Eilimintí Indibhidiúla an Fheachtais** |
| | 25 | Réamhrá |
| | 26 | Taighde an Choimisiúin Reifrinn |
| | 27 | Foinsí faisnéise buntábhachtacha |
| | 27 | Feasacht ar ról an Choimisiúin Reifrinn |
| | 28 | Mar a chuaigh feachtas an Choimisiúin Reifrinn do dhaoine |
| | 33 | An Ghaeilge |
| **Caibidil 7** | 34 | **Moltaí** |
| **Caibidil 8** | 35 | **Buíochas** |

**Aguisíní**

| | | |
|---|---|---|
| **Aguisín 1** | 36 | Sliocht as leathanaigh 62-63 de thuarascáil an Choimisiúin faoi Chonradh Amstardam agus Chomhaontuithe Thuaisceart Éireann |
| **Aguisín 2** | 37 | Leathanaigh 11-13 de thuarascáil an Choimisiúin faoi chéad Chonradh Nice |
| **Aguisín 3** | 40 | Clár ama maidir le reifreann a reáchtáil |
| **Aguisín 4** | 42 | Coimisiúin Reifrinn go dtí seo |
| **Aguisín 5** | 43 | Caiteachas ar an bhFeachtas Faisnéise |

# Cúlra

## Bunú an Choimisiúin Reifrinn

Faoi Acht an Reifrinn 1998, gach uair go mbeidh reifreann le reáchtáil, féadfaidh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, de réir a bhreithiúnais féin, Coimisiún Reifrinn a cheapadh. Bunaítear Coimisiún trí Ordú Bunaithe arna eisiúint ag an Aire i leith an reifrinn atá beartaithe. Foráiltear in Acht 1998 go mbeidh Cathaoirleach an Choimisiúin ina iarbhreitheamh den Chúirt Uachtarach nó den Ard-Chúirt nó ina bhreitheamh den Ard-Chúirt.

An 6 Márta 2008, rinne an tAire Ordú Bunaithe i leith an reifrinn ar an mBille um an Ochtú Leasú is Fiche ar an mBunreacht 2008 (Conradh Liospóin). Ghlac an Breitheamh Onórach Iarfhlaith O'Neill, Breitheamh na hArd-Chúirte, le hainmniúchán an Phríomh-Bhreithimh le gníomhú mar Chathaoirleach an Choimisiúin Reifrinn a bhunaigh an tAire.

**Ba iad comhaltaí eile, *ex officio*, an Choimisiúin ná:**

- **An tUas. Kieran Coughlan**, Cléireach Dháil Éireann
- **Deirdre Lane**, Uas., Cléireach Sheanad Éireann
- **Emily O'Reilly**, Uas., Ombudsman
- **An tUas. John Purcell**, Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Cé gur éirigh an tUas. Purcell as an bpost mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an 14 Bealtaine 2008, lean sé ar aghaidh le bheith ina bhall den Choimisiún de bhua alt 2(9)(a) d'Acht an Reifrinn 1998.

An 12 Bealtaine 2008, shocraigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, trí ordú, gurbh é Déardaoin 12 Meitheamh 2008 an dáta ar a reáchtáilfí an reifreann.

**Bunaíodh Coimisiúin Reifrinn i dtaca leis na reifrinn seo a leanas roimhe seo:**

- Conradh Amstardam agus Comhaontuithe Thuaisceart Éireann a reáchtáladh an 22 Bealtaine 1998
- Aitheantas Bunreachtúil don Rialtas Áitiúil a reáchtáladh 11 Meitheamh 1999
- Pionós an Bháis a Chur ar Ceal, Glacadh le Dlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta agus Conradh Nice a reáchtáladh 7 Meitheamh 2001
- Reifreann ar an nginmhilleadh a reáchtáladh an 6 Márta 2002
- Conradh Nice a reáchtáladh an 19 Deireadh Fómhair 2002
- Saoránacht Éireann a reáchtáladh an 11 Meitheamh 2004

## Ról an Choimisiúin Reifrinn

Tar éis reifrinn 2001, leasaíodh ról reachtúil an Choimisiúin de réir théarmaí Acht an Reifrinn 2001. Leis seo, baineadh an ról reachtúil den Choimisiún ó thaobh na hargóintí, ar son agus i gcoinne reifreann a bheartaítear, a leagan amach chomh maith leis an ról le díospóireacht agus plé a chothú agus a chur chun cinn maidir le reifrinn a bheartaítear.

### Teorannaíodh ról an Choimisiúin le hAcht 2001 sa chaoi nach raibh de róil aige ach an méid seo a leanas:

**A:** ráiteas amháin nó níos mó a ullmhú ina mbeidh míniú ginearálta ar ábhar an togra agus ar a théacs sa Bhille iomchuí agus aon fhaisnéis eile a bhaineann leis na nithe sin agus is cuí dar leis an gCoimisiún.

**B:** na ráitis sin a fhoilsiú agus a dháileadh i cibé slí agus ar cibé modh, lena n-áirítear úsáid na teilifíse, an raidió agus meán leictreonach eile, is mó is dóigh leis an gCoimisiún a tharraingeoidh aird na toghlachta orthu agus a áirithiú a mhéid is indéanta, maidir leis na modhanna a úsáidfear, go gcumasóidh siad do dhaoine a bhfuil míchumas radhairc nó éisteachta orthu na ráitis lena mbaineann a léamh nó a chloisteáil.

**C:** eolas an phobail ar an reifreann a chur chun cinn agus an toghlacht a spreagadh chun vótáil sa vótaíocht.

Bhí cuid mhór tuairimí i measc an phobail, faoi ról an Choimisiúin, a bhí bunaithe ar eolas míchruinn, agus chreid go leor daoine fós gurbh é a ról na hargóintí a sholáthar ar son agus i gcoinne thograí an reifrinn, in ainneoin gur baineadh an ról seo den Choimisiún 7 mbliana ó shin agus gur reáchtáladh trí reifrinn ina dhiaidh faoi na forálacha nua, roimh reifreann Chonradh Liospóin. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin gur baineadh an ról "le díospóireacht nó plé a chothú agus a chur chun cinn agus, i gcás gur cuí sin, a éascú ar mhodh a thabharfaidh cothrom na féinne do na leasanna uile lena mbaineann i ndáil leis an togra..." den Choimisiún le hAcht 2001 freisin. Sainmhínítear paraiméadair ról an Choimisiúin i bhfeachtas reifrinn go soiléir sa reachtaíocht mar sin.

## Maoiniúchán an Choimisiúin Reifrinn

Leithdháileadh buiséad €5 milliún ar an gCoimisiún don fheachtas fhaisnéise. Ba leor an leibhéal maoiniúcháin a leithdháileadh ar an gCoimisiún go mbeadh sé in ann tabhairt faoina thascanna éagsúla. Soláthraítear miondealú ar an gcaiteachas a tharraing sé air féin san fheachtas reifrinn in Aguisín 5.

Oifig an Ombudsman a sholáthair Rúnaíocht an Choimisiúin Reifrinn go díreach, agus is ag 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 atá bunáit na hOifige sin. Oifig an Ombudsman a d'iompair na costais foirne seo ina n-iomláine freisin agus ní raibh siad clúdaithe le buiséad an €5 milliún don fheachtas fhaisnéise.

Caibidil 2

# Obair Phleanála agus Ullmhúcháin Tosaigh

## Srianta ó thaobh ama

Ní bhíonn an Coimisiún Reifrinn ann ar bhonn leanúnach ó thaobh an dlí de agus ní thagann sé ar an saol ach amháin nuair a bhunaítear le hordú ón Aire é. Amach in 2007 agus go luath in 2008, bhí an-chuid tuairimíochta ann go mbeadh reifreann amháin ann ar a laghad, agus b'fhéidir dhá cheann (an ceann eile ná an reifreann um Chearta an Linbh), go luath in 2008. Bhí Bealtaine agus Meitheamh 2008 á lua mar mhíonna ina bhféadfaí an reifreann a reáchtáil. Bhí ceathrar "gnáth" chomhalta nó comhaltaí *ex officio* an Choimisiúin go mór ar son a chinntiú go ndéanfaí an oiread oibre ullmhúcháin agus ab fhéidir agus mar sin, i mí na Nollag 2007 agus Eanáir 2008, rinneadh teagmhálacha neamhfhoirmiúla idir an Roinn Gnóthaí Eachtracha (arbh í an Roinn choimircíochta í don Bhille ar an Ochtú Leasú is Fiche ar an mBunreacht 2008 (Conradh Liospóin)), Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais (ar dócha gurbh í siúd a bheadh freagrach as an obair phriontála a eagrú le haon ábhar a bheadh le scaipeadh ar fud na tíre) agus baill foirne ábhartha Oifig an Ombudsman (ar dhócha gurbh í siúd a bheadh ag soláthar na Rúnaíochta don Choimisiún Reifrinn).

> Ar iarratas chomhaltaí *ex officio* an Choimisiúin Reifrinn, an 30 Eanáir 2008, scríobh Rúnaí ainmnithe an Choimisiúin chuig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an tUas. Seán Ó Gormlaigh, freisin ionas go gcuirfí ar a shúile don Aire na srianta ó thaobh ama agus deacrachtaí eile a bhí roimh Choimisiúin Reifrinn roimhe seo agus iad ag féachaint le feachtais éifeachtacha chomhleanúnacha fhaisnéise a reáchtáil maidir le saincheisteanna casta agus gan ach beagán ama acu. Rinneadh an pointe, ó reáchtáladh an reifreann deiridh, gur méadaíodh na deacrachtaí a bhíonn i gceist ó thaobh cúrsaí loighistice de de thoradh Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus athruithe a rinneadh ar rialacha an AE maidir le cúrsaí soláthair phoiblí in 2006. Leagadh béim ar an bhfíric go bhféadfaí na deacrachtaí seo a shárú ach dóthain ama a bheith tugtha don Choimisiún Reifrinn lena fheachtas faisnéise a phleanáil agus a chur i ngníomh agus, go hidéalach, dá ndeonódh an tOireachtas don Choimisiún go bhféadfadh sé bheith ann ar bhonn leanúnach ó thaobh an dlí de.
>
> Eilimint thábhachtach d'fheachtais fhaisnéise roimhe seo ná go seachadófaí leabhrán nó leabhráin fhaisnéise chuig gach teaghlach sa stát. Faoi théarmaí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, caithfidh leabhráin den sórt sin a bheith dátheangach anois. Chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar an tasc casta ó thaobh achoimre cuimsitheach, soléite agus sothuigthe a tháirgeadh maidir le forálacha Chonradh Liospóin, caithfidh an Coimisiún, mar sin, socruithe a dhéanamh go n-aistreofar an t-achoimre sin go Gaeilge freisin.

Lena chois sin, le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Conarthaí Údarás Poiblí a Dhámhachtain) 2006 (I.R. Uimh. 329 de 2006), lenar tugadh éifeacht d'fhorálacha Threoir 2004/18/CE, faoi mar a leasaíodh, baineadh amach an bonn ar ar lorg agus ar a bhfuair Coimisiúin Reifrinn a bhí ann roimhe seo maolú ar nósanna imeachta an AE maidir le cúrsaí soláthair phoiblí. Ba é an chomhairle ba dhéanaí ó Ghníomhaireacht Soláthair an Rialtais i ndáil le tairiscint maidir le páipéar agus priontáil ná, dá n-eiseofaí fógra an 28 Eanáir 2008 lenar iarradh tairiscintí faoi rialacha soláthair an AE, gurbh é an dáta ba luaithe go bhféadfaí leabhrán priontáilte, leis an seoladh air, a sheachadadh chuig moil dháileacháin phoist ná beagnach ceithre mhí ina dhiaidh. Is léir mar sin go gcaithfí na leabhráin seo a dháileadh ar gach teaghlach ansin agus gur chóir go dtarlódh

sin seachtain amháin ar a laghad roimh dháta an reifrinn. Le cois an phróisis tairisceana maidir le páipéar agus priontáil, chaithfí nósanna imeachta maidir le cúrsaí soláthair a leanúint i ndáil le seirbhísí nár sheirbhísí priontála iad freisin, mar shampla, seirbhísí cumarsáide agus margaíochta don Choimisiún Reifreann.

Thug an tAire freagra an 14 Feabhra á rá go bunúsach go raibh ábhar na litreach áirithe aige agus go raibh rún daingean aige féin agus ag an Rialtas araon go mbeadh an oiread faisnéise agus feasachta agus ab fhéidir ann i ndáil leis an reifreann agus, maidir leis sin, gur thuig siad an gá, le dóthain ama a thabhairt don Choimisiún Reifrinn lena obair thábhachtach a dhéanamh, go hiomlán.

Cé gurbh eol do na comhaltaí *ex officio* nach raibh aon údarás acu aon chinneadh a ghlacadh thar cheann Choimisiún Reifrinn nárbh ann dó, ba rímhaith mar a thuig siad freisin gurbh é an t-aon rogha eile a bheadh ann, seachas nósanna imeachta sealadacha a chur i bhfeidhm, ná, nuair a bheadh an Coimisiún bunaithe agus dáta reifrinn fógartha, nach mbeadh an Coimisiún in ann a shainordú a chomhlíonadh nó nach bhféadfadh sé amhlaidh a dhéanamh ach trí Threoir an AE maidir leis an soláthar a shárú. Dá réir sin, comhaontaíodh go rachfaí ar aghaidh ar bhonn neamhfhoirmiúil agus:

**A:** an 25 Eanáir 2008, rinne Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais socruithe gur fógraíodh fógra tairisceana in Iris an AE trí shuíomh idirlín *eTenders* an Rialtais chun amuigh is istigh ar 2.4 milliún cóip de leabhrán faisnéise dátheangach a phriontáil, a phacáistiú agus na seoltaí a chur orthu. Toisc gur ceisteanna don Choimisiún, nuair a bheadh an sé bunaithe, líon na leathanach go baileach agus méid srl., lorgadh tairiscintí le haghaidh méideanna éagsúla agus suimeanna éagsúla ó thaobh líon na leathanach.

**B:** an 15 Feabhra 2008, rinne an Roinn Gnóthaí Eachtracha socruithe gur fógraíodh fógra tairisceana in Iris an AE le seirbhísí margaíochta/bainistíochta tionscadail/ sainchomhairliúcháin chumarsáide a sholáthar chun comhairle agus cúnamh a thabhairt sa phróiseas leis an bhfeachtas faisnéise poiblí faoi thogra an reifrinn, a bheadh ag an gCoimisiún Reifrinn níos déanaí, a phleanáil agus a chur i bhfeidhm.

**C:** an 22 Feabhra 2008, rinne Oifig an Ombudsman socruithe gur fógraíodh fógra tairisceana in Iris an AE le leabhráin fhaisnéise réamhphacáilte, a mbeadh an seoladh curtha orthu roimh ré, a sheachadadh don Choimisiún Reifrinn.

## Bronnadh na gconarthaí

Bunaíodh an Coimisiún an 6 Márta agus thionóil sé a chéad chruinniú an 18 Márta 2008. Comhaontaíodh gur chóir socruithe a dhéanamh go seachadófaí leabhrán faisnéise dátheangach ar fud na tíre agus go bhfostófaí sainchomhairleoirí margaíochta/ bainistíochta chun comhairle a thabhairt don Choimisiún. Dá réir sin, b'áthas leis an gCathaoirleach na socruithe sealadacha a rinne na comhaltaí *ex officio*.

Cé nach raibh dáta don reifreann socraithe go fóill, lean tuairmíocht ar aghaidh go bhféadfadh an reifreann a bheith ann go luath i mí Mheitheamh anois. Chinn an Coimisiún, ionas go gcomhlíonfaí a shainordú, go mbeadh feachtas a mhairfeadh ceithre seachtaine oiriúnach. Dá réir sin, ba ghá go mbeadh a leabhrán ar fáil le dáileadh sa dara seachtain de mhí na Bealtaine.

Aithníodh conraitheoir, de bharr an phróisis tairisceana leis an leabhrán a phriontáil, a bhí in Éirinn agus a raibh faoi an obair phriontála a chur amach ar fhochonradh chuig cuideachta sa Spáinn. Chlis an conradh seo faraor. Dá thoradh sin, tar éis proisis tairisceana eile, bronnadh an conradh ar chuibhreannas a bhí comhdhéanta de *Communicative Marketing* Teo., agus é ag trádáil mar *Door to Door Distributors*, arbh é an príomhchonraitheoir é, agus ba é *Mail Marketing* Teo., an ball eile den ghrúpa tairgeoirí. Bhí an obair phriontála le cur i gcrích ag priontálaí sa Phoirtaingéil, *Lisgrafica*, atá suite i Liospóin, agus an obair leis na leabhráin a phearsantú ag *Porenvel*, atá suite i Liospóin freisin. Bhí sé tugtha le fios ag an bpriontálaí go mbeadh sé in ann a shocrú go mbeadh na leabhráin i moil dáileacháin ábhartha an tairgeora, ar éirigh leis ó thaobh na tairisceana leis an leabhrán a dháileadh, an 9 Bealtaine, ar an gcoinníoll go mbeadh an t-ábhar deiridh aige faoi 11 Aibreán 2008.

*D'fhág sé seo nach raibh ach trí seachtaine ag an gCoimisiún lena chuid féin a dhéanamh de thogra an reifrinn, lena n-áirítear Conradh Liospóin, an leabhrán a dhréachtadh, é a chur faoi bhráid a chomhairleoirí dlí, lena n-áirítear saineolaithe ar dhlíthe na hEorpa, go ndéanfaidís athbhreithniú air, agus an obair dhearthóireachta agus aistrithe go Gaeilge a chríochnú.*

Faoi mar a tharla, chomhlíon an Coimisiún na spriocdhátaí a bhí aige ach is údar buairimh dó nár mhór cáipéis chomh tábhachtach leis a dhréachtadh agus tréimhse ama chomh beag sin ar fáil don phróiseas mar gheall nár bunaíodh an Coimisiún níos luaithe.

Ba é an dáta deiridh a nglacfaí le tairiscintí le seirbhísí sainchomhairliúcháin mhargaíochta/ bhainistíochta a sholáthar ná 10 Márta 2008. Tar éis an phróisis roghnúcháin, roghnaíodh cuibhreannas a raibh *Murray Consultants* (caidreamh poiblí) i gceannas air, agus a raibh *Direct Marketing Agency* (DMA) (fógraíocht) agus *Carat Ireland* (spás sna meáin chumarsáide a phleanáil/a cheannach) ina gcuid de.

Ba é an dáta deiridh a nglacfaí leis na tairiscintí leis an leabhrán a sheachadadh ná 1 Aibreán. Bronnadh an conradh ar An Post.



Caibidil 3

# Tuairisc ar Fheachtas Faisnéise an Choimisiúin Reifrinn

## Réamhrá

An 3 Aibreán 2008, rinne an Coimisiún socrú foirmiúil chun an cuibhreannas, a raibh *Murray Consultants* i gceannas air, a choinneáil le comhairle agus cúnamh a thabhairt dó sa phróiseas lena fheachtas faisnéise poiblí faoi thogra an reifrinn a phleanáil agus a chur i bhfeidhm.

Sa chéad seachtain de mhí Aibreáin, thionóil an Coimisiún go leor cruinnithe lena chomhairleoirí cumarsáide, agus rinne sé cinneadh ina dhiaidh sin i leith struchtúr agus ábhar an fheachtais fhaisnéise poiblí. Chinn an Coimisiún go ndéanfadh sé an méid seo a leanas:

- a mhíniú ar Chonradh Liospóin agus ar thogra an reifrinn a fhoilsiú ar shuíomh idirlín aonfheidhme a luaithe agus ab fhéidir
- faisnéis a fhoilsiú ar an suíomh idirlín láithreach faoin mbealach le clár na dtoghthóirí a sheiceáil, agus conas clárú chun vótáil
- aird vótálaithe a tharraingt ar an bhfaisnéis seo a bheith ar fáil trí fheachtas faisnéise a reáchtáil i nuachtáin náisiúnta laethúla agus an Domhnaigh
- seirbhís fhóin ar chostas íseal a bhunú do vótálaithe ar mhian leo fáil amach cá háit go bhfaighidís faisnéis
- preasagallamh a reáchtáil chun an feachtas faisnéise poiblí a sheoladh achar maith sula ndáilfí an leabhrán faisnéise
- leabhrán faisnéise a tháirgeadh faoi Chonradh Liospóin agus socruithe a dhéanamh go ndáilfí é seo ar áitreabh gach vótálaí sa tír, ag tosú i lár na Bealtaine
- ar an lá ar ar tosaíodh ar an leabhrán a dháileadh, mórfheachtas fógraíochta náisiúnta a reáchtáil ar an teilifís, an raidió, sa phreas, lasmuigh agus ar an idirlíon le hinsint do vótálaithe cá háit go bhfaighidís faisnéis, agus iad a spreagadh leis an bhfaisnéis sin a lorg
- díriú ar vótálaithe a bhí níos óige trí fhógraíocht a ghlacadh ar shuímh líonrúcháin shóisialta ar nós *Bebo* agus *Facebook* agus socruithe a dhéanamh go gcuirfí físeán "*viral*" ar *YouTube*
- teachtaireacht na fógraíochta a athrú sa tseachtain deiridh chuig ceann lena spreagfaí daoine le vótáil

## Suíomh Idirlín

Bunaíodh suíomh idirlín ar chuid súl é agus a raibh an-chuid faisnéise air go luath san fheachtas. Faoi lár mhí Aibreáin, bhí suíomh idirlín bríomhar beoga seolta, lenar tugadh cuntas cuimsitheach ar an gConradh, ar a raibh ann agus ar a chomhthéacs. Bhí bealaí ar fáil air go bhféadfadh daoine idirghníomhú leis an ábhar, chomh maith le deis le clár na dtoghthóirí a sheiceáil agus treoir i bhfoirm fhíseáin/chlosábhair maidir leis na saincheisteanna a bhí i gceist. Bhí an suíomh idirlín ar aon dul leis na fógraí eile ar fad ó thaobh a chuma agus an téacs, agus tháinig sé chun a bheith ina fhoinse chuimsitheach d'fhaisnéis mhionsonraithe agus ina threoir ghasta maidir leis na saincheisteanna ba thábhachtaí a bhí i gConradh Liospóin.

Bhí an téacs, a foilsíodh sa leabhrán a seachadadh chuig gach teaghlach, ann chomh maith le gnéithe breise ar nós stair phróiseas forbartha an AE, ceisteanna coitianta, forléargas achomhair ar fhorálacha an Chonartha agus áis leis an gConradh agus an leabhrán a íoslódáil.

Lena chinntiú gur fhoilsigh an Coimisiún faisnéis a luaithe agus ab fhéidir chun teacht lena chúram reachtúil le hábhar an reifrinn a mhíniú, chinn sé téacs an leabhráin a fhoilsiú ar an suíomh idirlín a luaithe agus ab fhéidir, agus go dtionscnófaí an dara cuid den suíomh roinnt seachtainí ina dhiaidh. Bhí an chéad chuid den suíomh idirlín ar fáil an 19 Aibreán. Bhí eilimintí uile an leabhráin i nGaeilge agus i mBéarla air. Tugadh faisnéis air freisin faoin mbealach go bhféadfadh vótálaithe clár na dtoghthóirí a sheiceáil lena chinntiú go raibh siad air, agus faoin mbealach go bhféadfaidís clárú le vótáil mura raibh siad cláraithe cheana féin.

Léiríodh tuairimí dearfacha sna meáin chumarsáide faoin suíomh idirlín a bheith ar fáil go luath agus bhí scríbhneoirí preasa agus láithreoirí raidió ag déanamh tagairtí dearfacha dó mar fhoinse faisnéise a bhí go maith agus sothuigthe. Ba é líon na gcuairteoirí aonair a bhreathnaigh ar an suíomh i rith an chéad deich lá dá raibh sé i bhfeidhm – nuair a bhí an feachtas fógraíochta á rith sa phreas – ná 5,500 agus ghin siad sin 270,000 amas nó *hits*.

Luathfheachtas fógraíochta a chuir an teachtaireacht chun cinn gurbh ann don suíomh idirlín seo, chomh maith le preasagallamh tosaigh a thug an Coimisiún Reifrinn, ar ar tugadh cuid mhaith airde sa phreas. Rinne é seo in éineacht le straitéis ghníomhach le féachaint go mbainfí an toradh ab fhearr ab fhéidir don suíomh idirlín dá gcuardófaí ar an idirlíon é, agus cinntíodh leis sin go bhfuair an suíomh idirlín áit an-ard ar *Google* agus fuair sé 3.5 milliún amas in imeacht breis is 116,000 'cuairt' i rith an fheachtais.

## Seirbhís fhóin ar chostas íseal

Cinneadh go soláthródh an Coimisiún Reifrinn seirbhís fhóin ar chostas íseal do dhaoine sa phobal. Ba é aidhm na seirbhíse ná go mbeadh glaoiteoirí in ann faisnéis ghinearálta faoi Chonradh Liospóin a iarraidh, cóipeanna leictreonacha/ar an bpost a iarraidh de leabhrán oifigiúil an Choimisiúin Reifrinn, faisnéis a sholáthar faoi Chlár na dToghthóirí agus daoine a threorú maidir leis an mbealach go gcinnteoidís go mbeidís áirithe sa chlár forlíontach. Sholáthair an tSeirbhís fhóin ar chostas íseal faisnéis ar an suíomh idirlín oifigiúil **www.lisbontreaty2008.ie** do ghlaoiteoirí freisin agus treoraíodh iad leis an tseirbhís chuig na codanna de mar a bhféadfaí teacht ar fhaisnéis bhreise.

Tar éis próisis roghnúcháin iomaíoch go luath i mí Aibreáin, roghnaíodh *Abtran*, soláthraí fadbhunaithe Lárionaid Ghlaonna, chun an conradh a chomhlíonadh.

# Caibidil 3

Bunaíodh an tseirbhís an 23 Aibreán 2008 agus ritheadh í chomh fada le lá na vótaíochta an 12 Meitheamh 2008. Fógraíodh í láithreach trí Chéim I d'fheachtas feasachta poiblí an Choimisiúin Reifrinn sa phreas náisúnta agus ar an raidió náisiúnta agus cuireadh chun cinn ina dhiaidh í trí ábhar uile eile an Choimisiúin Reifrinn.

Eisíodh tuairiscí chuig an gCoimisiún Reifrinn ar bhonn laethúil chun aon saincheisteanna sonracha a d'fhéadfadh teacht chun cinn san fheachtas a mheasúnú agus lena chinntiú go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna conspóideacha láithreach.

Bhain 74% de na glaonna uile a fuarthas le hiarratais ar fhaisnéis ghinearálta ar an gConradh agus bhí 18% de ghlaoiteoirí ag iarraidh faisnéise breise. Níor bhain ach 6% de ghlaonna le gearáin faoin gCoimisiún nó faoin gConradh i gcoitinne agus bhain 2% de ghlaonna leis an gclár forlíontach.




## An leabhrán faisnéise

Chinn an Coimisiún go dtáirgfeadh sé leabhrán faisnéise amháin a bheadh le dáileadh ar áitreabh gach vótálaí sa Stát. Leagfaí amach sa leabhrán seo an méid a rabhthas ag iarraidh ar vótálaithe cinneadh a dhéanamh ina leith, na hiarmhairtí a bheadh i gceist dá vótálfaí Tá nó Níl agus na príomhathruithe a bhí á mbeartú le Conradh Liospóin. Ag a chruinniú an 9 Aibreán 2008, tar éis grinnchomhairliúchán lena chomhairleoirí dlí, chomhaontaigh an Coimisiún téacs deiridh a leabhráin fhaisnéise, lena n-áirítear an t-aistriúchán go Gaeilge agus an dearadh. Leabhrán 36 leathanach ar mhéid A5 a bhí sa leabhrán deiridh.

Ar aon dul le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, foilsíodh an leabhrán i mBéarla agus i nGaeilge faoin gclúdach céanna. Foilsíodh an leabhrán, sa dá theanga, ar shuíomh idirlín an Choimisiúin **www.lisbontreaty2008.ie** . Táirgeadh é i mBraille chomh maith le clos-CD agus clostéip do dhaoine a raibh míchumas radhairc orthu agus dáileadh na leagain seo trí Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill. Lena chois sin, tháirg an Coimisiún físeán speisialta den leabhrán i dteanga na comharthaíochta le dáileadh ar Chlubanna na mBodhar ar fud na tíre.

Chinn an Coimisiún gur chóir go dtosófaí ar an leabhrán a dháileadh ceithre seachtaine roimh lá na vótaíochta an 13 Bealtaine. Cuireadh próiseas an dáileacháin i gcrích an 19 Bealtaine 2008. Measadh go mbeadh an dáta sin oiriúnach toisc nach mbeadh sé chomh luath nach mbeadh dóthain spéise ag daoine é a léamh, agus nach mbeadh chomh déanach go mbeadh an oiread den díospóireacht cloiste ag vótálaithe nach mbeidís ag iarraidh é a léamh. Socraíodh am an mhórfheachtais fhógraíochta ar an raidió, i nuachtáin, lasmuigh agus ar an idirlíon ionas go dtosódh sé ar an gcéad lá a bhí leabhráin le dáileadh freisin, agus chinn an Coimisiún go reáchtáilfeadh sé preasagallamh ar an lá sin chun aird na meán a tharraingt ar an leabhrán.




## An feachtas fógraíochta

D'aithin an Coimisiún gurb é cumhacht na fógraíochta ná a cumas le teachtaireachtaí réasúnta simplí a chur in iúl go láidir. Toisc nach raibh ábhar an Chonartha agus togra an reifrinn simplí, chinn an Coimisiún nár chóir go bhféachfadh an feachtas fógraíochta leis an ábhar seo a mhíniú, rud a chlúdófaí sa leabhrán. Ba chóir é a úsáid áfach chun spéis daoine sa reifreann a spreagadh, insint dóibh cá háit go bhféadfaidís faisnéis an Choimisiúin a fháil, iad a spreagadh lena lorg agus, ar deireadh, iad a spreagadh le vótáil.

Chomhaontaigh an Coimisiún go mbeadh aon téarma comhleanúnach amháin san fhógraíocht a threoródh fógraíocht sa phreas, lasmuigh, ar an teilifís, an raidió agus ar an idirlíon. Ba é an téarma seo ná mura raibh an pictiúr nó an scéal ar fad ag vótálaithe, gur chóir dóibh iad féin a chur ar an eolas trí leabhrán nó suíomh idirlín an Choimisiúin a léamh. Cuireadh an téama seo in iúl go seasta agus ar bhealach cruthaitheach i ngach meán cumarsáide trí fhógraíocht a cheap *DMA*, cuid den chuibhreannas a coinníodh chun comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún lena fheachtas faisnéise poiblí a phleanáil agus a chur i bhfeidhm.

Bhí pictiúir de "leathdhaoine" sna fógráin a bhí sa phreas agus lasmuigh, rud a thug le fios go bhfaigheadh vótálaithe "an pictiúr iomlán" nuair a léifidís ábhar faisnéise an Choimisiúin. Léirigh an Coimisiún fógrán teilifíse 40 soicind lenar taispeánadh go ndearnadh daoine "iomlána" de na "leathdhaoine" seo le cúnamh leabhrán an Choimisiúin Reifrinn. Léirigh an Coimisiún leagan fadaithe 90 soicind de seo freisin lenar leagadh amach na príomhathruithe a raibh sé beartaithe go ndéanfaí de bharr an Chonartha.

Mhair na fógráin raidió 30 soicind ar fhad. Bhí ceithre script ghreannmhara iontu inar tugadh leagain neamhiomlána de scéalta difriúla. Insíodh d'éisteoirí "an scéal ar fad a fháil" ansin trí ábhar an Choimisiúin Reifrinn a léamh.




Teachtaireachtaí gonta 30 soicind a bhí i gceist leis an ábhar a craoladh ar an raidió saorchraolta, a ritheadh, mar aon leis an ábhar a craoladh ar an teilifís shaorchraolta, gar do dheireadh an fheachtais, agus inar gríosaíodh daoine le vótáil.

Den chéad uair, bhí láithreacht substaintiúil ag an gCoimisiún Reifrinn ar mheáin chumarsáide digiteacha. Ceannaíodh 2.85 milliún imprisean leathanaigh ar *Facebook, Bebo* agus ar shuímh eile atá dírithe ar an aos óg ionas go dtabharfaí an teachtaireacht a fhad le vótálaithe níos óige nach mbaineann úsáid as na meáin chumarsáide traidisiúnta chomh minic agus a dhéanann an pobal ar an meán. Lena chois sin, léiríodh físeán do dhaoine óga a scaipeadh go forleathan ar *YouTube*. Is éard a bhí i gceist leis seo ná an draíodóir Keith Barry a choinneáil agus a scannánú agus é i mbun éachta ar shráideanna Bhaile Átha Cliath a bhí ag teacht le téama an fheachtais fhógraíochta.

Sna laethanta roimh 12 Meitheamh (lá vótála) seoladh feachtas 'cosa-ar-an-tsráid' agus bhí caipíní agus t-léinte, a raibh íomhá íocónach an phinn luaidhe brandáilte orthu, á gcaitheamh ag foirne a bhí lonnaithe ag suímh bhuntábhachtacha. Tugadh leabhair nótaí agus pinn luaidhe bhrandáilte, lenar cuireadh an suíomh idirlín chun cinn mar fhoinse thábhachtach fhaisnéise, amach ag soilse tráchta agus ag trasrianta coisithe arís chun feasacht ar an bhfeachtas a ghríosadh agus daoine a spreagadh le teacht amach agus vótáil an 12 Meitheamh.

Seoladh an feachtas fógraíochta ar fud na meán cumarsáide ar fad an 12 Bealtaine agus ritheadh é chomh fada leis an lá roimh lá na vótaíochta, agus an lá sin san áireamh. Ritheadh na fógráin teilifíse ar RTE1, RTE2 agus TV3, agus leagain Ghaeilge ar TG4. Ritheadh an feachtas raidió ar gach stáisiún náisiúnta raidió agus ar raon stáisiún áitiúil, chomh maith le leagan Gaeilge ar Raidió na Gaeltachta. Thosaigh an t-ábhar a craoladh ar na meáin shaorchraolta an 2 Meitheamh agus ritheadh iad siúd chomh fada leis an lá roimh lá na vótaíochta, agus an lá sin san áireamh. Fuair an Coimisiún comhoibriú den scoth ó na craoltóirí uile i ndáil leis an am craolta saor in aisce a sholáthar ag buaicthréimhsí amhairc agus éisteachta i gcomhair na gcraoltaí seo.



## Idirghníomhaíocht leis an bpreas

Reáchtáil an Coimisiún trí phreasagallamh – an 28 Aibreán, 13 Bealtaine agus 4 Meitheamh – agus fuair gach ceann díobh clúdach nach beag sa phreas.

Is éard a bhí i gceist leis an bpreasagallamh an 28 Aibreán ná aird a tharraingt ar an suíomh idirlín a bheith bunaithe agus mionsonraí a thabhairt faoin bhfeachtas faisnéise poiblí a bhí le teacht. Fuarthas cuid mhór tuairisceoireachta agus tráchta nuair a d'eisigh an Coimisiún torthaí pobalbhreithe ag an bpreasagallamh sin lenar taispeánadh nár thuig 80% de vótálaithe an Conradh go han-mhaith, nó ar chor ar bith.

Is éard a bhí i gceist leis an bpreasagallamh an 13 Bealtaine ná aird a tharraingt ar an bhfíric go raibh tús á chur an lá sin leis an bpróiseas le leabhrán an Choimisiúin a dháileadh ar áitreabh gach vótálaí, agus le vótálaithe a spreagadh lena léamh. Clúdaíodh agus tráchtadh i bhfad is i ngar ar fhreagra an Chathaoirligh ar cheisteanna faoin mbealach a rachfadh an Conradh i gcion ar sheasamh na hÉireann maidir leis an neodracht agus a ceart le forbairtí i réimse an chánachais a chrosadh – ba é dearcadh an Choimisiúin nach rachfaí i gcion ar cheachtar de na ceisteanna sin.

Tháinig an preasagallamh an 4 Meitheamh tar éis chinneadh ón gCoimisiún ábhar a eisiúint le cúrsaí a shoiléiriú do vótálaithe maidir le dhá shaincheist a bhí tagtha chun cinn sa díospóireacht. Ba iad na saincheisteanna seo ná an ceart crosta náisiúnta maidir le Comhaontuithe na hEagraíochta Trádála Domhanda agus éifeacht an Chonartha ar dhlí bunreachtúil na hÉireann maidir leis an nginmhilleadh. Thairg an Coimisiún tuilleadh breacfhaisnéise freisin ar an mbealach a d'fheidhmeofaí an Vótáil Tromlaigh Cháilithe faoi Chonradh Liospóin, ar na réimsí inar féidir leis an AE gníomhú agus ar athruithe ón aontoilíocht go dtí an Vótáil Tromlaigh Cháilithe. Ag an bpreasagallamh, iarradh ar an gCathaoirleach ceann de na saincheisteanna a bhain le Conradh Liospóin a mhíniú, is é sin go raibh sé beartaithe bogadh ón aontoilíocht go dtí an vótáil tromlaigh cháilithe – "socruithe le cumhachtaí forfheidhmiúcháin a rialú". Spreagadh daoine sna meáin lena dtuairim a thabhairt faoin bhfíric gur baineadh stad den Chathaoirleach lena mhachnamh a dhéanamh faoin gceist sula ndúirt sé go dtiocfadh sé ar ais le freagra ar an bhfiosrúchán níos déanaí. Thug go leor a dtuairim freisin faoi ráiteas an Choimisiúin nach raibh ceart na mballstát, le margaí na hEagraíochta Trádála Domhanda a chrosadh, i mbaol.

An lá roimh lá na vótaíochta, 11 Meitheamh, d'fhoilsigh an *Irish Times* alt leis an gCathaoirleach inar thug sé a thuairim féin le fios agus inar dhearbhaigh sé go raibh dóthain eolais ag vótálaithe chun vótáil agus gur chóir dóibh amhlaidh a dhéanamh.

## Monatóireacht ar shuim agus ar fheasacht an phobail

Chinn an Coimisiún ag tús an fheachtais go measúnódh sé leibhéal tuisceana an phobail ar an gConradh agus ar cheist an reifrinn ag céimeanna difriúla an fheachtais, agus go bhféachfadh sé le tionchar a iarrachtaí féin, le vótálaithe a chur ar an eolas, a mheasúnú freisin. Choimisiúnaigh sé an chuideachta taighde mhargaidh *Behaviour and Attitudes* le trí phobalbhreith phoiblí a reáchtáil ag céimeanna difriúla an fheachtais.

Thug an Coimisiún deich gceist do *Behaviour and Attitudes* le cur isteach mar chuid dá shuirbhé rialta "teileabharaiméadair". Chabhraigh taighde agus anailís an tsuirbhé leis an gCoimisiún leibhéal eolais an phobail ar shaincheisteanna sonracha a mheasúnú, rud a threoraigh a chinntí maidir le hábhar a fheachtais. Rinneadh gach suirbhé i measc sampla de 500 toghthóir.

- Tharla an chéad bhabhta taighde idir 14 Aibreán agus 16 Aibreán, an dara cuid idir 19 Bealtaine agus 21 Bealtaine, agus an tríú cuid idir 9 Meitheamh agus 11 Meitheamh.
- Chuaigh an tuiscint a bhí ag vótálaithe, dar leo féin, ar an gConradh i méad de réir a chéile agus an feachtas ag dul ar aghaidh. Ní dúirt ach 20% i mí Aibreáin gur thuig siad cuid den reifreann, réasúnta maith nó go han-mhaith. Bhí sé seo ardaithe go dtí 27% i mí na Bealtaine agus i mí Mheitheamh, 44% a bhí ann.
- Chuaigh an leibhéal feasachta, go raibh reifreann le tarlú, in airde de réir a chéile ó 72% i mí Aibreáin go dtí 89% i mí na Bealtaine agus 94% i mí Mheitheamh.
- Chuaigh an leibhéal feasachta, gurbh é Conradh Liospóin ábhar an reifrinn, in airde ó 61% i mí Aibreáin go dtí 79% i mí na Bealtaine agus 90% i mí Mheitheamh.
- Chuaigh líon na ndaoine a bhí ag rá gur réasúnta dócha nó gur rídhócha go vótáilfidís in airde ó 72% i mí Aibreáin go dtí 78% i mí na Bealtaine agus 86% i mí Mheitheamh.
- Dúirt 46% gur chuala siad faoin gCoimisiún Reifrinn i mí Aibreáin. Bhí sin ardaithe go dtí 48% i mí na Bealtaine agus 57% i mí Mheitheamh.

Cuireadh ceisteanna coitianta i ngach ceann den trí bhabhta taighde lena dhéanamh amach sa suirbhé cérbh iad na saincheisteanna dar leis na vótálaithe, agus lena leibhéal tuisceana ar na príomh-shaincheisteanna a dhéanamh amach. Léirítear go soiléir le torthaí an tsuirbhé gur tháinig ardú ar leibhéal tuisceana na vótálaithe ar na saincheisteanna agus ar a leibhéal idirghníomhaíochta leo de réir a chéile i gcaitheamh an fheachtais.

Iarradh orthu siúd a ceistíodh na príomh-shaincheisteanna a bhí i gceist sa reifreann, dar leo, a ainmniú. Agus an cheist sin á cur ar vótálaithe, níor thug na ceistitheoirí aon leid do na freagróirí agus lig siad dóibh aon saincheist agus ba mhian leo a shonrú.

Sa chéad bhabhta, níor luaigh 73% aon saincheist nuair a iarradh orthu, rud a léiríonn leibhéal íseal an eolais ar ábhar an reifrinn ag an tráth sin. Dúirt 10% gur saincheist comhbheartais a bheith á dtabhairt isteach trasna an AE; 7% an figiúr i leith gach ceann de na saincheisteanna seo:

níos mó cumhacht a bheith á fháil ag an AE/níos lú cumhacht do thíortha aonair agus comharm Eorpach a bheith á thabhairt isteach/neodracht na hÉireann a bheith á lagú; dúirt 4% go raibh feabhsú ar éifeachtúlacht an AE ina shaincheist agus luaigh 3% feabhsú ar an ngeilleagar i dtíortha an AE. Luaigh 4% saincheist éigin eile.

Sa dara babhta, thit líon na ndaoine nár luaigh saincheist ar bith anuas go dtí 54%. Luaigh thart faoi 17% an tAE a bheith ag fáil níos mó cumhacht/níos lú cumhacht do thíortha aonair; luaigh 13% feabhsú ar éifeachtúlacht an AE/an córas vótála a bheith á chuíchóiriú; dúirt 12% go raibh comharm Eorpach/neodracht na hÉireann a bheith á lagú ina shaincheist; luaigh 11% feabhsú ar an ngeilleagar i dtíortha an AE agus 7% comhbheartais ar fud an AE. D'ainmnigh 8% saincheisteanna eile.

Ar deireadh, sa tríú babhta, bhí líon na ndaoine nár luaigh saincheist ar bith tite anuas go dtí 31%, rud a léiríonn idirghníomhaíocht i bhfad níos mó ón bpobal leis an reifreann. Dúirt thart faoi 23% go raibh an tAE a bheith ag fáil níos mó cumhacht/níos lú cumhacht do thíortha aonair ina shaincheist; luaigh 21% feabhsú ar an ngeilleagar i dtíortha an AE; luaigh 16% comhbheartais ar fud an AE; 15% comharm Eorpach/neodracht na hÉireann a bheith á lagú; luaigh 4% athruithe ar na rialacha nó ar na dlíthe san Eoraip; luaigh 2% go raibh an ceart crosta ina shaincheist; luaigh 2% cánacha níos airde agus 24% saincheist éigin eile.

Tugadh ocht saincheist d'fhreagróirí ansin agus iarradh orthu an raibh siad ar an eolas futhu nó nach raibh. Tháinig ardú ar an leibhéal feasachta ar gach ceann de na saincheisteanna seo i rith an fheachtais. Léirítear na leibhéil fheasachta ar gach ceann sa tábla seo a leanas:

| Saincheist | Meitheamh 2008 | Bealtaine 2008 | Aibreán 2008 |
|---|---|---|---|
| Méadú á dhéanamh ar líon na gcinneadh arna ndéanamh ag an Aontas Eorpach ag tromlach na mballstát, seachas gá le comhaontú d'aontoil ó na ballstáit ar fad | 60% | 45% | 32% |
| Uachtarán lánaimseartha ar an gComhairle Eorpach á thoghadh | 59% | 49% | 42% |
| Níos mó cumhacht á thabhairt do Pharlaimint na hEorpa | 81% | 68% | 50% |
| Laghdú á dhéanamh ar líon Choimisinéirí an AE ionas go mbeidh Coimisinéir ar feadh 10 mbliana as gach 15 bliana ag gach ballstát | 68% | 46% | 29% |
| Comhstádas dlíthiúil, le conarthaí an AE, á thabhairt do Chairt an AE um Chearta Bunúsacha | 42% | 28% | 24% |
| Ceart bhallstáit an AE, chun tograí an AE i ndáil le cánachas a chrosadh, á choinneáil | 73% | 50% | 30% |
| Na socruithe reatha, ó thaobh neodracht mhíleata na hÉireann, á gcoinneáil | 70% | 53% | 46% |
| Athrú á dhéanamh ar an mbealach a leasaítear Conarthaí an AE ionas gur féidir leis an gComhairle Eorpach athruithe a dhéanamh ar Chonarthaí a ndéanann ballstáit indibhidiúla comhaontú ina leith ansin | 55% | 42% | 29% |

Tábla 1: Leibhéal an fheasachta ar phríomh-shaincheisteanna á fhorbairt

Ina measc siúd a bhí ar an eolas faoi na saincheisteanna sa tábla thuas, tháinig ardú ar leibhéal na tuisceana ar na saincheisteanna seo i rith an fheachtais freisin faoi mar a léirítear sa tábla thíos:

| Saincheist | Meitheamh 2008 | Bealtaine 2008 | Aibreán 2008 |
|---|---|---|---|
| Méadú á dhéanamh ar líon na gcinneadh arna ndéanamh ag an Aontas Eorpach ag tromlach na mballstát, seachas gá le comhaontú d'aontoil ó na ballstáit ar fad | 74% | 71% | 63% |
| Uachtarán lánaimseartha ar an gComhairle Eorpach á thoghadh | 77% | 69% | 63% |
| Níos mó cumhacht á thabhairt do Pharlaimint na hEorpa | 75% | 63% | 68% |
| Laghdú á dhéanamh ar líon Choimisinéirí an AE ionas go mbeidh Coimisinéir ar feadh 10 mbliana as gach 15 bliana ag gach ballstát | 84% | 75% | 57% |
| Comhstádas dlíthiúil, le conarthaí an AE, á thabhairt do Chairt an AE um Chearta Bunúsacha | 67% | 78% | 71% |
| Ceart bhallstáit an AE, chun tograí an AE i ndáil le cánachas a chrosadh, á choinneáil | 67% | 60% | 66% |
| Na socruithe reatha, ó thaobh neodracht mhíleata na hÉireann, á gcoinneáil | 77% | 67% | 65% |
| Athrú á dhéanamh ar an mbealach a leasaítear Conarthaí an AE ionas gur féidir leis an gComhairle Eorpach athruithe a dhéanamh ar Chonarthaí a ndéanann ballstáit indibhidiúla comhaontú ina leith ansin | 64% | 64% | 74% |

Tábla 2: Leibhéal an fheasachta ar phríomh-shaincheisteanna á fhorbairt (iomlán chéatadán na ndaoine a thuig saincheisteanna go maith, sách maith & cuid de na saincheisteanna)

Ar deireadh, cé gur tháinig ardú measartha maith ar an leibhéal feasachta ar an gCoimisiún Reifrinn i gcaitheamh an fheachtais, tháinig ardú suntasach ar an leibhéal feasachta ar an ról a bhí aige go baileach – lena raibh i gceist le Conradh Liospóin a mhíniú agus daoine a spreagadh le vótáil. Tugadh raon roghanna d'fhreagróirí maidir leis an méid ar chreid siad a bhí i gceist le ról an Choimisiúin agus léirítear a bhfreagraí i ngach ceann den trí shuirbhé sa tábla thíos.

| Saincheist | Meitheamh 2008 | Bealtaine 2008 | Aibreán 2008 |
|---|---|---|---|
| Vóta 'sea' a chur chun cinn | 32% | 30% | 26% |
| An reifreann a eagrú 'ar an talamh' | 42% | 34% | 29% |
| Na hargóintí ar son agus i gcoinne Chonradh Liospóin a mhíniú | 66% | 57% | 48% |
| Míniú chomh cothrom agus is féidir a thabhairt faoina bhfuil i gceist le Conradh Liospóin | 74% | 60% | 56% |
| Daoine a spreagadh le vótáil sa Reifreann | 69% | 54% | 41% |
| Eile | 2% | 1% | 2% |
| Gan a fhios acu | 8% | 19% | 19% |

Tábla 3: Tuiscint ar ról an Choimisiúin Reifrinn

# Comhlachtaí a Cheadú chun críocha an Reifrinn

Déantar foráil in alt 7 d'Acht an Reifrinn 1998 go mbeidh comhlacht in ann iarratas a dhéanamh leis an gCoimisiún Reifrinn le dearbhú a lorg gur comhlacht ceadaithe é chun críocha reifrinn. Bíonn comhlachtaí ceadaithe i dteideal gníomhairí a cheapadh chun a bheith i láthair agus páipéir bhallóide vótálaithe poist á n-eisiúint agus á n-oscailt, ag stáisiúin vótaíochta agus nuair a bhíonn vótaí á gcomhaireamh. Bheadh an ceart seo fós ag comhaltaí dhá Theach an Oireachtais, a bhfuil sé de cheart acu gníomhairí den sórt sin a cheapadh faoi láthair.

Ionas go mbeidh comhlacht in ann stádas comhlachta ceadaithe a fháil, caithfidh iarratasóir coinníollacha a chomhlíonadh agus nósanna imeachta a leanúint atá leagtha amach in Acht an Reifrinn 1998.

**Is iad na coinníollacha agus nósanna imeachta seo ná:**

- ní mór don chomhlacht a bheith ina chomhlacht corpraithe nó neamhchorpraithe, nó brainse de, atá bunaithe sa Stát, faoi rialú bunreachta, meabhráin chomhlachais nó cáipéis eile den sórt sin nó rialacha scríofa eile agus ballraíocht nach lú ná 300 a bheith aige;
- caithfidh go mbeidh leas ag an gcomhlacht sa reifreann agus ainm aige nach ionann é, nó nach bhfuil an-chosúil le, ainm páirtí pholaitíochta atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta. Meastar, faoi láthair, gur comhlacht chun críocha an Achta é páirtí polaitíochta atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta agus ní gá dó a leagan amach go bhfuil na coinníollacha thuas chomhlíonta aige;
- caithfear iarratais a dhéanamh ar an bhfoirm oifigiúil, atá ar fáil ón gCoimmisiún agus a chaithfear a chur faoina bhráid faoi cheann pé tréimhse ama agus a fhéadfaidh an Coimisiún a shonrú.

Féadfaidh an Coimisiún Reifrinn diúltú dearbhú a dhéanamh mura gcomhlíonann comhlacht na coinníollacha ábhartha, nó má loiceann sé faisnéis nó cáipéisíocht réasúnach a sholáthar don Choimisiún, a bheidh riachtanach chun cinneadh a dhéanamh i leith an iarratais dar leis an gCoimisiún.

Féadfaidh an Coimisiún dearbhú arna dhéanamh aige i ndáil le comhlacht a aisghairm sa chás gur deimhin leis gur cuireadh faisnéis bhréagach ar fáil dó. Foráiltear leis an Acht freisin, faoi alt 9, go mbeidh sé ina chion faisnéis bhréagach a sholáthar go feasach i ndáil le hiarratas.

An 12 Bealtaine 2008, cuireadh fógráin sa phreas náisiúnta lenar iarradh iarratais ó chomhlachtaí a bheadh ag lorg a gceadaithe chun críocha an reifrinn. Ba é an dáta deiridh a sonraíodh ná 22 Bealtaine 2008. Tar éis an phróisis iarratais, cheadaigh an Coimisiún ocht gcomhlacht. Tá na comhlachtaí seo liostaithe sa tábla seo a leanas.

| Comhlacht Ceadaithe | Seoladh |
|---|---|
| Fianna Fáil | Fianna Fáil, 65-66 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 |
| Fine Gael | Fine Gael, 51 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 |
| Páirtí an Lucht Oibre | 17 Plás Ely, Baile Átha Cliath 2 |
| *Irish Alliance for Europe* | 17 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2 |
| An Páirtí Sóisialach | 141 Sráid Thomáis, Baile Átha Cliath 8 |
| An Páirtí Daonlathach | 25 Sráid Fhreidric Theas, Baile Átha Cliath 2 |
| An Comhaontas Glas | 16 Sráid Suffolk, Baile Átha Cliath 2 |
| Sinn Féin | 58 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1 |

Chuir comhlacht amháin, a liostaítear thíos, isteach ar stádas ceadaithe ach níor ceadaíodh é toisc gur loic sé Alt 7(9)(a) den Acht a chomhlíonadh – ba lú ná 300 a bhallraíocht.

| Comhlacht | Seoladh |
|---|---|
| *South Kerry Independent Alliance* | Claisín, Cill Airne, Co Chiarraí |

Chuaigh roinnt comhlachtaí i dteagmháil leis an gCoimisiún cúpla lá roimh lá na vótaíochta agus rinne gearán leis nach raibh siad in ann ticéid a fháil le bheith i láthair sna hionaid chomhairimh toisc nár chomhlachtaí ceadaithe iad. Toisc gurbh fhada ó d'imigh an dáta deiridh a nglacfaí le hiarratais, ní raibh an Coimisiún in ann cabhrú leo.

# An Coimisiún Reifrinn agus Srianta ó thaobh Ama

## Tuarascálacha ón gCoimisiún Reifrinn roimhe seo

Clúdaítear leis an tuarascáil seo an deichiú reifrinn, ar chomhlíon Coimisiún Reifrinn a fheidhm reachtúil ina leith ó bunaíodh in 1998 é. Is é an seachtú tuarascáil a chuir an Coimisiún ar fáil don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (agus don Oireachtas) inar tugadh mionsonraí ar fheachtas faisnéise an Choimisiúin, inar tarraingíodh conclúidí as a thaithí agus ina ndearnadh moltaí de thoradh na gconclúidí sin. [Reachtáladh dhá reifrinn le chéile an 22 Bealtaine 1998 agus trí reifreann le chéile an 7 Meitheamh 2001.]

Seachas an dara reifreann maidir le Conradh Nice, a reáchtáladh an 19 Deireadh Fómhair 2002, níor ceadaíodh ach idir ceithre agus deich seachtaine don Choimisiún de ghnáth lena fheachtais fhaisnéise a phleanáil agus a chur i ngníomh (féach Aguisín 4). Is leis an dáta a n-eisíonn an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an tOrdú bunaithe i leith an Choimisiúin a chinntear pointe tosaithe an Choimisiúin agus ar ndóigh caithfear an feachtas a phleanáil agus a chur i ngníomh agus achar maith ama ag na toghthóirí le breithiúnas eolasach a dhéanamh ar thograí an reifrinn. I gcás reifrinn ar an mbunreacht faoi Acht an Reifrinn 1998, ní féidir an tOrdú Bunaithe a eisiúint ach tar éis an dáta ar ar tionscnaíodh an Bille, ina bhfuil tograí an reifrinn, i nDáil Éireann.

## An tréimhse ama is giorra atá riachtanach

Is ábhar frustrachais nach beag don Choimisiún go gcaithfidh sé an fhíric a thaifeadadh arís eile nár ceadaíodh achar maith ama dó chun ullmhú i gceart le feachtas faisnéise, a bheadh iomlán cuimsitheach, a phleanáil agus a reáchtáil. Ceist is ea é seo a tarraingíodh anuas i bhformhór na dtuarascálacha a d'eisigh an Coimisiún roimhe seo agus go háirithe ar leathanaigh 62-63 dá thuarascáil faoin bhfeachtas ar Chonradh Amstardam agus ar Chomhaontuithe Thuaisceart Éireann a foilsíodh i mí na Samhna 1998 (féach sliocht in Aguisín 1) agus leathanaigh 11-13 dá thuarascáil faoin bhfeachtas ar an gcéad Chonradh Nice a foilsíodh i mí na Nollag 2001 (féach sliocht in Aguisín 2).

Rud eile a d'fhág go raibh cúrsaí níos casta sa reifreann seo ná an fhíric nach ndearnadh cinneadh críochnúil faoi dháta an reifrinn ach go dtí go ndearnadh an t-ordú faoin lá vótaíochta an 12 Bealtaine. D'fhág an mhoill maidir le cinneadh críochnúil a dhéanamh faoin lá iarbhír ar a mbeadh an reifreann go raibh cuid mhór neamhchinnteachta ann faoi chúrsaí, rud arbh oth go mór leis an gCoimisiún agus cuireadh iarrachtaí an Choimisiúin, lena fheachtas faisnéise a phleanáil, trí chéile tuilleadh dá bharr.

Tá mionsonraí leagtha amach cheana féin ag an gCoimisiún ar na gníomhartha ar ceanglaíodh ar chomhlachtaí eile a dhéanamh ionas go gcinnteofaí go mbeadh an Coimisiún seo in ann a ról a fheidhmiú mar is ceart (féach Caibidil 2). Caithfear béim a leagan ar an bpointe go mbeidh sé d'oibleagáid ar Choimisiúin a bheidh ann amach anseo, cosúil leis an gceann seo, feidhmiú de réir Threoir 2004/18/CE, maidir le cúrsaí soláthair, ar an gcoinníoll go rachfar thar an tairseach ábhartha. *Léirítear sa tábla in Aguisín 3 go mbíonn tréimhse* ***158 lá*** *(.i. breis is 5 mhí) ar a laghad ag teastáil má tá an Coimisiún le nósanna imeachta cearta a chomhlíonadh maidir le cúrsaí soláthair.*

Thabharfadh an t-achar breise ama seo dóthain ama do chomhaltaí an Choimisiúin freisin leis an bhfeachtas faisnéise a phleanáil, príomhfhorálacha thogra an reifrinn a aithint agus a bhreithniú go mion, an fhaisnéis seo a laghdú sa chaoi is nach mbeadh ann ach an líon cuí leathanach de théacs i mBéarla, é a thabhairt do chomhairleoirí dlí (agus abhcóidí sinsearacha chomh maith) lena scrúdú go mion chun a chruinneas agus a chuimsitheacht a chinntiú, é a thabhairt don aistritheoir le Gaeilge a chur air (leis na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh a eascraíonn as Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a bheith curtha i ngníomh) agus é a thabhairt do dhearthóir leis an leabhrán a dhearadh. *I gcodarsnacht leis an 158 lá a luadh thuas, is ar éigin go raibh trí seachtaine ag an gCoimisiún chun na tascanna sin ar fad a chomhlíonadh an uair seo.*

Ní cuí, cé gur mhór ár mbuíochas leis an uair seo, go mbeadh ar chomhlachtaí seachtracha ar nós na Roinne coimircíochta, Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais nó Oifig an Ombudsman, nó go deimhin comhaltaí *ex officio* an Choimisiúin, an méid a bheidh ag teastáil ó Choimisiún Reifrinn a thomhas, má agus nuair a bhunaítear é. Faoi mar a meabhraíodh i dtuarascáil de chuid an Choimisiúin roimhe seo, moladh sa Séú Tuarascáil faoi Dhul Chun Cinn ón gCoiste Uile-Pháirtí ar an mBunreacht (Samhain 2001), i gcás tograí casta reifrinn, gur chóir go gceadófaí tréimhse chéad lá is fiche ionas go gcinnteofaí go mbeadh dóthain díospóireachta poiblí ann agus gur chóir an reachtaíocht a leasú chun uasteorainn reatha na nócha lá a athrú dá réir. Ar ndóigh, ní bheadh an t-am breise a bheadh riachtanach chun na saincheisteanna ó thaobh cúrsaí soláthair a chomhlíonadh, ar tagraíodh dóibh sa tuarascáil seo, curtha san áireamh i dtuarascáil sin an Choiste Oireachtais.

An Coimisiún Reifrinn

# Éifeachtacht Eilimintí Indibhidiúla an Fheachtais

## Réamhrá

Léiríonn an taighde tar éis an reifrinn a choimisiúnaigh an Rialtas ó *IMS/Millward Brown* go raibh an Conradh, agus na foilseacháin éagsúla lenar féachadh lena mhíniú, róchasta dar le rannpháirtithe an tsuirbhé. *D'ainneoin sin, rangaigh rannpháirtithe leabhrán an Choimisiúin Reifrinn mar an foilseachán faisnéise ab úsáidí seachas na meáin chumarsáide nuachta. Scóráil fógraíocht an Choimisiúin go maith freisin i gcomparáid le fógraíocht eile san fheachtas.*


Fuarthas leis an taighde seo, a foilsíodh i mí Mheáin Fómhar 2008, gur rátáladh nuacht teilifíse agus raidió mar na foinsí faisnéise ba luachmhaire, agus díospóireacht le daoine den teaghlach nó le cairde, ailt nuachtáin, agus nuacht raidió áitiúil ina ndiaidh. Bhí leabhrán an Choimisiúin Reifrinn ábhairín luachmhar nó an-luachmhar dar le 33 faoin gcéad díobh siúd a ghlac páirt sa suirbhé, agus leabhrán an Rialtais ina dhiaidh sin, le 30 faoin gcéad, na leabhráin "Níl" agus "Tá" ag 25 faoin gcéad an ceann agus foilseachán an Fhóraim Náisiúnta um an Eoraip ag 20 faoin gcéad.

Fuair fógráin an Choimisiúin Reifrinn scóir a bhí go maith os cionn na gceann sin ó na feachtais "Tá" agus "Níl" freisin ó thaobh a úsáidí is a bhí siad. Míniú ar chuid den scór sin ná an fhíric go bhféadfadh an Coimisiún na meáin chumarsáide chraolta a úsáid agus nárbh fhéidir leis na feachtais "Tá" agus "Níl" ach meáin chumarsáide chlóite, lasmuigh agus idirlín a úsáid. Bhí fógráin an Choimisiúin Reifrinn éifeachtach dar le thart faoi 28 faoin gcéad de rannpháirtithe i gcomparáid le 16 faoin gcéad a raibh na póstaeir "Níl" éifeachtach dar leo agus an cion céanna a raibh na póstaeir "Tá" éifeachtach dar leo siúd.

Ba iad na torthaí iomlána i ndáil lena éifeachtaí is a bhí foinsí difriúla faisnéise dar le rannpháirtithe ná:

### Éifeachtacht na Cumarsáide – I

Bonn – Gach duine fásta 18 +




| | | Nuacht Teilifíse | Nuacht raidió náisiúnta | Comhráite le teaghlach cairde | Ailt nuachtáin | Nuacht raidió áitiúil | Leabhrán an Choimisiúin Reifrinn | Leabhrán an Rialtais | 'Fónáil Isteach' ar raidió náisiúnta | Fógrán ón gCoimisiún Reifrinn | 'Fónáil Isteach' ar raidió áitiúil | Bileoga "Ní hea" |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Meánscór | 2.80 | 2.74 | 2.66 | 2.66 | 2.47 | 2.25 | 2.22 | 2.20 | 2.17 | 2.10 | 2.09 |
| Tástáil faoina Shuntasaí is a bhí sé | Vótáil Sea | 3.11 | 3.06 | 2.88 | 2.97 | 2.64 | 2.58 | 2.51 | 2.40 | 2.45 | 2.20 | 2.15 |
| | Vótáil Ní hea | 2.87 | 2.79 | 2.79 | 2.71 | 2.56 | 2.27 | 2.26 | 2.27 | 2.22 | 2.20 | 2.24 |


[ ] = Difear a bhí suntasach ó thaobh staitisticí

41108393

Millward Brown IMS

# Éifeachtacht na Cumarsáide – II

Bonn – Gach duine fásta 18 +




**41108393**

Millward Brown IMS

## Taighde an Choimisiúin Reifrinn

Chinn an Coimisiún Reifrinn a thaighde teoranta féin a choimisiúnú chun mar a chuaigh gach eilimint dá fheachtas don phobal a iniúchadh agus a mheasúnú níos grinne. Dhá mhí tar éis dheireadh an fheachtais, d'iarr an Coimisiún ar an ngníomhaireacht taighde margaidh *Behaviour and Attitudes* aiseolas a mheas ó sciar ionadaíoch de vótálaithe na hÉireann - a bhí comhdhéanta de cheithre ghrúpa fócais ina raibh ochtar an ceann - maidir le:

- Foinsí faisnéise buntábhachtacha a úsáideadh maidir leis an gConradh/Reifreann
- Feasacht/tuiscint ghinearálta ar ról an Choimisiúin Reifrinn
- Mioneolas ar an mbealach a chuaigh gach eilimint den fheachtas do dhaoine:
    - Leabhrán an Choimisiúin Reifrinn
    - Fógraíocht na bpóstaer lasmuigh
    - Fógraíocht eile lasmuigh (Colúin an *Luas* agus Scáthláin Bhus)
    - Fógraíocht sna meáin chlóite
    - Suíomh Idirlín
    - Fógráin ar an raidió
    - Fógráin ar an teilifís

Úsáideadh cur chuige cáilíochtúil a raibh ceithre ghrúpa fócais i gceist leis, agus reáchtáladh an taighde ón 28ú Lúnasa go dtí an 9ú Meán Fómhair. Roghnaíodh rannpháirtithe na ngrúpaí fócais lena chinntiú go raibh gach aoisghrúpa, réigiún, catagóir socheacnamaíochta, daoine a vótáil tá, daoine a vótáil níl, agus daoine nár vótáil san áireamh

## Foinsí faisnéise buntábhachtacha

Fuarthas leis an taighde gurbh é an fhoinse aonair fhaisnéise ba mhinice a bhí i gceist do dhaoine ná díospóireachtaí maidir leis an tsaincheist le daoine den teaghlach/cairde/lucht aitheantais. Ina dhiaidh sin, ba é an fhoinse fhaisnéise ba mhó a úsáideadh, i bhfad os cionn aon fhoinse eile, ná raidió aischainte.

- Is fada Éire ar cheann de na tíortha san Eoraip is mó a bhíonn ag éisteacht leis an raidió, agus luaigh go leor gur tharla siad ar chuid mhaith sliotán raidió a raibh an scéal faoi thrácht air.
- Luaigh mionlach freagróirí leabhrán faisnéise an Choimisiúin Reifrinn mar fhoinse fhaisnéise gan smaoineamh faoi.
- Nuair a tugadh leideanna dóibh áfach, tháinig sé chun solais go bhfuair gach duine acu an leabhrán ina n-áit chónaithe. Is cosúil go ndearna an tríú cuid fíoriarracht le léamh tríd réasúnta grinn.
- Mhaígh thart faoi duine amháin as gach ochtar gur bhreathnaigh siad ar an idirlíon go ginearálta mar iarracht le togra an Reifrinn nó codanna de a thuiscint. Is beag nár éirigh gach duine acu as cuardaí den sórt sin toisc go bhfacthas dóibh go raibh an oiread faisnéise ar fáil gur fágadh lagmhisneach orthu.

Cé gurb é an raidió aischainte an fhoinse fhaisnéise ba mhinice a luadh seachas díospóireachtaí le daoine den teaghlach, le cairde agus lucht aitheantais, bhí freagróirí an-cháinteach faoi cháilíocht na díospóireachta a bhí ar chláir raidió. Na tréithe a luadh le formhór mór na ndíospóireachtaí ar an raidió ná 'histéireach'; 'reacaireacht uafáis; 'drochbhéasach'; 'seafóideach'; agus 'brilléis'. Rinneadh an oiread céanna de cháineadh ar ionadaithe dhá thaobh na díospóireachta maidir leis seo, agus ba léir gur chuir an bhraistint ghinearálta a bhí ag daoine, go raibh cúrsaí trína chéile ar fad, le giúmar an fhrustrachais a bhí ar dhaoine nach raibh siad in ann tuiscint shoiléir chothrom a fháil ar na saincheisteanna a bhí idir lámha.

## Feasacht ar ról an Choimisiúin Reifrinn

Ar leibhéal spontáineach, níor luaigh ach fíorbheagán daoine gurbh ann don Choimisiún Reifrinn ná ról an Choimisiúin. Nuair a tugadh leid dóibh áfach, dúirt thart faoin leathchuid gurbh eol dóibh gurbh ann don Choimisiún, rud a thagann, a bheag nó a mhór, leis an 57 faoin gcéad a dúirt go raibh siad ar an eolas faoin gCoimisiún i suirbhé an Choimisiúin Reifrinn féin a rinneadh dornán beag laethanta roimh lá na vótaíochta.

# Caibidil 6

## Mar a chuaigh feachtas an Choimisiúin Reifrinn do dhaoine

Nuair a tógadh an taighde teoranta seo amach i mí Lúnasa agus go luath i mí Mheáin Fómhar, is beag duine a chuimhnigh go spontáineach ar aon fhógraíocht 'thraidisiúnta' (raidió, teilifís, chlóite srl.) i gcaitheamh thréimhse fheachtas an Reifrinn. Na póstaeir a chuir an feachtas ar son vóta "Níl" is minice a tháinig chun cuimhne gan aon leid a bheith tugtha do dhaoine, go háirithe póstaer 'Na dTrí Mhoncaí'. Nuair a tugadh leid do dhaoine áfach, bhí leibhéal na ndaoine a d'aithin ábhar fógraíochta an Choimisiúin an-ard.

Taispeánadh eilimintí difriúla fheachtas an Choimisiúin Reifrinn agus cuireadh ceisteanna orthu faoin méid a tháinig chun cuimhne, faoin mbealach a chuaigh eilimintí difriúla an fheachtais dóibh agus faoin tuiscint a bhí acu ar gach ceann.

### (i) Lámhleabhar an Choimisiúin Reifrinn

Mar gheall ar bhrú ollmhór ó thaobh ama de chun an próiseas soláthair phoiblí a chur i gcrích i ndáil leis an gconradh priontála don lámhleabhar, bhí ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le líon na leathanach sa lámhleabhar (32 leathanach san iomlán don téacs Béarla agus Gaeilge) sular dréachtadh an téacs iarbhír go dlíthiúil agus sula raibh fad an téacs céanna ar eolas ag an gCoimisiún. Tháinig dúshlán chun cinn dá bharr seo – níorbh fholáir fad seasta téacs, a táirgeadh de réir srianta nach beag ó thaobh an dlí de, a chur isteach ar líon leathanach a bhí réamhshocraithe, gné de phróiseas táirgthe an lámhleabhair a tharraing cáineadh mar gheall ar a stíl ó rannpháirtithe grúpaí fócais.

Bhí an lámhleabhar seo faighte ag beagnach gach freagróir (fiú mura thuig siad go hiomlán gurbh é an Coimisiún Reifrinn a tháirg agus a scaip é). Is cosúil go ndearna thart faoin tríú cuid fíoriarracht éigin le léamh tríd go mion ar feadh píosa. Níor mhaígh duine ar bith gur léigh siad an cháipéis ar fad.

Nuair a ceistíodh iad maidir leis an ngá bunúsach le leabhrán den sórt sin ar an gcéad dul síos, ba é tuairim fhormhór mór na rannpháirtithe go raibh sé tábhachtach go raibh iarracht éigin déanta ag an 'mbunaíocht' le teachtaireacht éigin den sórt sin a scaipeadh ar gach saoránach.

D'fhág na srianta a luadh thuas go ndearna rannpháirtithe grúpaí fócais pointí intuartha bailí. Bhí an iomarca téacs san fhoilseachán dar le roinnt daoine. D'fhág a raibh i gceist leis an gConradh agus na hoibleagáidí ó thaobh an dlí de a cuireadh ar an gCoimisiún nárbh fhéidir roinnt téarmeolaíochta teicniúla a sheachaint, agus bhí an teanga seo deacair dar le roinnt daoine agus chuir siad daoine ón leabhrán a léamh. D'fhág na srianta ó thaobh spáis de nach raibh aon slí ann do leathanach ar a gcuirfí clár na n-ábhar, agus luaigh roinnt freagróirí, nárbh éasca ábhar a aimsiú sa lámhleabhar dar leo, é seo freisin.

Ghlac go leor leis go mbeadh sé 'dodhéanta cáipéis ina raibh ceithre chéad leathanach a ghiorrú le cáipéis cheithre leathanach déag a dhéanamh di', cuma cé chomh cliste is a ceapadh é. Mhol roinnt daoine mar sin go gcuirfí béim níos mó ar mheascán d'fhaisnéis i leabhrán (agus achoimre gairid ar phointí buntábhachtacha ann) agus ar shuíomh idirlín, an dá cheann ag comhlánú a chéile, agus bheadh líon neamhtheoranta d'fhaisnéis bhreise mhínitheach ar an suíomh idirlín, a bheadh inchuardaithe, arís, faoi theidil bhuntábhachtacha lena mbeifí ag díriú ar shaoránaigh.

## (ii) Príomhfhógrán Teilifíse

Chuimhnigh breis is 90 faoin gcéad de rannpháirtithe na ngrúpaí fócais go bhfaca siad an fógrán teilifíse, roinnt uaireanta i gcás a bhformhóir.

Cruthaíodh go raibh freagróirí dochreidte cruinn agus iad ag cur síos ar an teachtaireacht a bhí i gceist leis an bhfógrán seo. Ba iad eilimintí buntábhachtacha na teachaireachta seo, mar a chonacthas do dhaoine é, agus gan iad in aon ord ar leith, ná:

- Chun meabhrú dúinn vótáil
- Chun a bhfuil i gceist leis an Reifreann a fháil amach/tuilleadh a fháil amach faoi
- Chun breathnú ar an suíomh idirlín agus/nó an leabhrán faisnéise don eolas sin.

Lena chois sin, luaigh roinnt daoine gur léiríodh an neamhchlaontacht, a bhí beartaithe le bheith ag an gCoimisiún Reifrinn sa phróiseas thuas, san fhógrán. Is iad seo go baileach na teachtaireachtaí a chinn an Coimisiún gur chóir a chur in iúl tríd an bhfógrán teilifíse.

Thuig gach freagróir an réasúnaíocht taobh thiar d'áis na 'colainne deighilte' láithreach, .i. *"Ná bí sásta le leathchuid an scéil. Faigh an pictiúr go léir."*

Bhí an fógrán dírithe ar dhaoine a bhí níos óige dar le roinnt daoine breacaosta. Ba léir gur mhór an chuid súl an fógrán áfach. Straitéis a roghnaigh an Coimisiún d'aon ghnó ná nach bhféachfaí le castacht an Chonartha a mhíniú i bhfógráin teilifíse a mhair 40 soicind, ach go n-úsáidfí na sliotáin seo le tathant ar dhaoine vótáil, le tuilleadh a fháil amach, agus le hiad a threorú chuig áit mar a bhféadfaí tuilleadh faisnéise a aimsiú.

## (iii) Fógráin ar an Raidió

Bhí ceithre leagan dhifriúla den fhógrán raidió ann, agus féachadh leis an teachtaireacht chéanna a chur in iúl is a bhí i gceist leis an bhfógrán teilifíse. Insíodh don lucht éisteachta ar fad, le scripteanna difriúla inar cuireadh cásanna difriúla samhailteacha in iúl, nach bhféadfaidís cinneadh eolach a dhéanamh mura mbeadh an scéal ar fad acu, agus gur chóir dóibh an scéal ar fad a fháil trí lámhleabhar nó suíomh idirlín an Choimisiúin a léamh.

I gcás na gceithre scéal ar fad, bhí sé éasca ag freagróirí an teachtaireacht a bhí á cur in iúl a thuiscint. I ndáil le trí chinn as an gceithre scéal, thaithnigh an greann a bhí iontu le daoine agus thuig siad a éifeachtacht leis an teachtaireacht a chur in iúl. Fuair ceann amháin den cheithre leagan freagairt níos diúltaí.




## (iv) Fógraíocht Lasmuigh

Nuair a cuireadh an t-ábhar lasmuigh ina láthair (48 póstar mórbhileoige, fógráin i scáthláin bhus srl.), ba léir, ar a laghad, go bhfaca gach duine de na freagóirí a bhí ina gcónaí i gcathracha na leagain den fhógraíocht ar chláir fhógraí.

Mheas daoine, i gcoitinne, gur bealach cliste le haird a tharraingt ar na fógráin na cinn seo a bheith deighilte trasna clár fógraí/scáthlán difriúil (m.sh. leathchuid uachtair na colainne ar cheann amháin; leathchuid íochtair na colainne ar an gceann eile).

D'aithin freagróirí an fhíric go raibh raon inscní, grúpuithe aoise agus cúlraí socheacnamaíochta sna fógráin seo. Bhí sé ina fheachtas tacaíochta breá sásúil le gabháil leis an bpríomhfheachtas teilifíse/raidió dar le formhór mór na bhfreagróirí.





## (v) Fógraíocht sa Phreas

Níor chuimhnigh aon duine de rannpháirtithe na ngrúpaí fócais ar an bhfeachtas fógraíochta sa phreas, d'ainneoin gur treisíodh an ghné sin den fheachtas go suntasach sna seachtainí roimh lá na vótaíochta.

Cé go gcreideann speisialtóirí cumarsáide go bhfuil feachtas fógraíochta sa phreas ina chuid bhunriachtanach den mheascán i bhfeachtas den sórt sin, bhí freagróirí sna grúpaí fócais ar aon tuairim lena chéile i gcoitinne gur leor meascán fócasaithe d'fhógraíocht teilifíse, raidió agus lasmuigh, ar an gcoinníoll gur cuireadh na teachtaireachtaí cearta in iúl.




Imeacht Poiblí agus Víreasach




Lisbon Youtube

Cluiche Idirghníomhach ar an Idirlíon




## (vi) Suíomh Idirlín

Níor féachadh leis an mbealach a chuaigh an suíomh idirlín do dhaoine a mheas leis an taighde, pléitear leis an eilimint seo den fheachtas i gCaibidil 3 den tuairisc seo.

## Conclúid

Léirítear leis an taighde seo gur ghlac formhór mór na ndaoine cur chuige éighníomhach go maith i leith faisnéis a fháil faoin Reifreann ar Chonradh Liospóin i gcaitheamh chúrsa an fheachtais. Mar gheall air sin, bhí dúshlán roimh aon chomhlacht a raibh sé de chúram air an próiseas foghlama a éascú i ndáil le hábhar an Reifrinn sin.

Bhí leabhrán faisnéise ón gCoimisiún Reifrinn tábhachtach dar le daoine, ach d'fhág an gá le téacs, lenar bhain fad seasta, a chónascadh le líon do-athraithe leathanach go raibh dearadh ann a bhí dlúth go maith agus a chuir roinnt daoine ón leabhrán a léamh. *Tá sé tábhachtach go mbeidh an Coimisiún in ann an lámhleabhar a phleanáil sách luath lena chinntiú go mbeidh fad an téacs oiriúnach don líon leathanach a bheidh ar fáil.*

Léiríonn na torthaí gur éirigh go han-mhaith leis an gCoimisiún na príomh-theachtaireachtaí, a chinn sé a chuir in iúl ina fheachtas fógraíochta, a chur i dtuiscint. Tharraing roinnt freagróirí an pointe anuas gur chosúil nár míníodh mionsonraí an Chonartha leis an bhfógraíocht. Mheas an Coimisiún ag an tús, mar gheall ar chastacht an Chonartha, nach bhféadfaí é a mhíniú i gceart ach trína fhoilseacháin mhóra – an lámhleabhar a seachadadh chuig gach áitreabh, agus an suíomh idirlín. Bíonn an fhógraíocht oiriúnach le teachtaireachtaí simplí a sheachadadh – sa chás seo, chinn an Coimisiún a fhógraíocht a úsáid chun aird a tharraingt ar an lámhleabhar, suíomh idirlín agus líne ghutháin a bheith ann, chun daoine a spreagadh leis na foinsí faisnéise seo a úsáid, agus ar deireadh, le daoine a spreagadh le vótáil.

Bhí an Coimisiún an-sásta leis an líon réasúnta ard daoine a tháinig amach chuig an reifreann (53%) agus faoi líon íseal na vótaí millte. Léirítear figiúir, maidir le líon na ndaoine a tháinig amach chun vótáil agus líon na vótaí millte ó 1998, sa tábla seo a leanas:

| Reifreann ar | Céatadán na Vótaíochta | Vótaí Millte (%) | Nóta |
|---|---|---|---|
| 18ú – Conradh Amstardam (1998) | 56.02 | 33,228 (3.56) | Reáchtáladh ar an lá céanna agus an 19ú Reifreann |
| 19ú – Comhaontú na Breataine-na hÉireann (1998) | 56.26 | 17,064 (1.10) | Reáchtáladh ar an lá céanna agus an 18ú Reifreann |
| 20ú – Rialtas Áitiúil (1999) | 51.08 | 109,006 (7.65) | Reáchtáladh ar an lá céanna agus toghcháin na hEorpa agus na toghcháin áitiúla |
| 21ú – Pionós an Bháis (2001) | 34.79 | 14,480 (1.45) | Reáchtáladh ar an lá céanna agus an 23ú agus 24ú Reifreann |
| 23ú - Cúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (2001) | 34.78 | 17,819 (1.79) | Reáchtáladh ar an lá céanna agus an 21ú agus 24ú Reifreann |
| 24ú – Conradh Nice (2001) | 34.79 | 14,887 (1.49) | Reáchtáladh ar an lá céanna agus an 21ú agus 23ú Reifreann |
| 25ú – Saol an Duine a Chosaint (2002) | 42.89 | 6,649 (0.53) | |
| 26ú - Nice 2 (2002) | 49.47 | 5,384 (0.37) | |
| 27ú - Saoránacht (2004) | 59.95 | 20,219 (1.1) | Reáchtáladh ar an lá céanna agus toghcháin na hEorpa agus na toghcháin áitiúla |
| 28ú – Conradh Liospóin (2008) | 53.13 | 6,171 (0.38) | |

## An Ghaeilge

Chaith an Coimisiún an-dua le faisnéis a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Leabhrán dátheangach a bhí sa leabhrán faisnéise a seachadadh ar fud na tíre. Craoladh ábhar teilifíse agus raidió i nGaeilge. Foilsíodh leagain Ghaeilge d'fhógráin phreasa an Choimisiúin agus táirgeadh gach faisnéis eile ar nós preasráiteas agus faisnéise cúlra ar an reifreann i nGaeilge agus foilsíodh iad sa rannóg Ghaeilge de shuíomh idirlín an Choimisiúin. Agus an Coimisiún ag féachaint le seirbhís phras dea-chaighdeáin a sholáthar i nGaeilge, bhí air srianta an-dian a chomhlíonadh leis an ábhar a chur ar fáil don phobal.

# Moltaí

Bunaithe ar a thaithí san fheachtas reifrinn seo agus i bhfeachtais roimhe seo, creideann an Coimisiún gur chóir roinnt moltaí a dhéanamh don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, a bhfuil freagracht fhoriomlán air as gnóthaí maidir leis an toghchóras agus toghcháin. Iarrann an Coimisiún freisin go gcuimhneodh an tOireachtas ar na moltaí seo.

Molann an Coimisiún gur chóir don Aire cuimhneamh ar an méid seo a leanas:

1. **Comhlacht neamhspleách a bhunú – amhail an Coimisiún Toghcháin atá beartaithe – lena gcomhdhlúthófaí na feidhmeanna éagsúla toghcháin, lena n-áirítear na feidhmeanna den sórt sin atá ag an gCoimisiún Reifrinn.**

Tháinig an moladh seo freisin ón gCoimisiún Reifrinn a bunaíodh don Bhille um an 27ú Leasú ar an mBunreacht 2004 (Saoránacht Éireann). Rinne an Coimisiún sin an pointe "Go mbeadh sé de bhuntáiste breise ag comhlacht den sórt sin go mbeadh sé ina chomhlacht buan a bheadh ar an saol go leanúnach agus a mbeadh neart ama aige, i gcás reifreann ar a laghad, le feasacht poiblí, ar leasuithe tábhachtacha ar an mbunreacht, a ullmhú agus a chur chun cinn. Sampla soiléir de leasuithe tábhachtacha den sórt sin ná an reifreann atá le teacht chun Bunreacht an AE a dhaingniú. Pé rud a tharlóidh, is léir go gcaithfear neart ama a thabhairt don Choimisiún Reifrinn chun cur ar a chumas an reifreann ar Bhunreacht an AE a mhíniú agus feasacht air a chur chun cinn.

2. Acht an Reifrinn 1998 a leasú ionas go dtabharfaí cead leis an gCoimisiún a bhunú roimh an dáta a dtionscnaítear Bille Reifrinn i nDáil Éireann. Tá sé rí-thábhachtach go dtarlóidh seo toisc go gcaithfidh an Coimisiún feidhmiú de réir Threoracha an AE i ndáil le cúrsaí soláthair. Baineann gá ar leith leis freisin i gcás tograí casta ar nós an Reifrinn ar Chonradh Liospóin.

D'fhéadfaí cuimhneamh ar mholadh 2 más dócha go mbeidh moill ar an bpróiseas leis an gCoimisiún Toghcháin, atá beartaithe, a chur ar bun. Dá ndéanfaí athchóirithe amhail iad seo thuas, bheifí ag tabhairt aghaidhe ar iarratais a rinne Coimisiúin Reifrinn a bhí ann roimhe seo arís is arís eile go dtabharfaí níos mó am dóibh chun na feidhmeanna reachtúla, adtugann reachtaíocht reatha dóibh, a chomhlíonadh. Is mian leis an gCoimisiún béim a leagan arís nach raibh ach trí seachtaine aige lena chuid féin a dhéanamh de thogra an reifrinn, lena n-áirítear Conradh Liospóin, agus téacs deiridh a leabhráin fhaisnéise a ullmhú.

# Buíochas

Tá an Coimisiún faoi chomaoin go mór arís ag a sholáthraithe seirbhíse ar fad as a chur ar a chumas cuimse tascanna a chomhlíonadh agus diansrianta ama i gceist. Tá buíochas ar leith tuillte ag na haonáin éagsúla chraoltóireachta as comhoibriú go gníomhach linn. Mar Shainchomhairleoir Margaíochta/Cumarsáide don Choimisiún, d'imir *Murray Consultants*, agus an tUas. Mark Brennock agus Olivia Buckley, Uas., ach go háirithe, ról fíorthábhachtach lena chinntiú gur seachadadh sraitheanna éagsúla an fheachtais in am agus ar bhealach comhordaithe. Chabhraigh scileanna Ita Mangan, Uas., le raon leathan faisnéise a dhréachtadh, go mór leis an bhfeachtas.

Tá an Coimisiún buíoch dá chomhairleoir dlí freisin, Dr Vincent Power ó *A&L Goodbody* agus leis an Abhcóide Sinsearach, an tUas. Tony Collins agus an tUas. Paul Sreenan.

**An tUas. Justice Iarfhlaith O'Neill**
Cathaoirleach

**An tUas. Kieran Coughlan**
Cléireach Dháil Éireann

**Deirdre Lane**
Cléireach Sheanad Éireann

**Emily O'Reilly**
Uas., Ombudsman

**An tUas. John Purcell**
iar-Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Aguisín 1

## Sliocht as leathanaigh 62-63 de thuarascáil an Choimisiúin faoi Chonradh Amstardam agus Chomhaontuithe Thuaisceart Éireann

Is é an chéad phointe a chaithfear a dhéanamh ná nach mór don Choimisiún a fheidhmeanna a chur i gcrích de réir théarmaí Acht an Reifrinn 1998 agus dá réir sin go beacht. Thairis sin, níl aon ról ag an gCoimisiún sa phróiseas lena ndéantar amach an dáta ar a mbeidh reifreann le reáchtáil ná téarmaí na leasuithe atá beartaithe a chur os comhair na ndaoine. Níl aon amhras, toisc gur reáchtáladh dhá reifreann thábhachtacha ar an dáta céanna, go raibh an scála ama a bhí ar fáil don Choimisiún lena fheidhmeanna a chur i gcrích, an-dian ar fad. Thairis sin, bhí ábhar an reifrinn maidir le Conradh Amstardam iontach casta agus d'fhág sé sin go raibh dúshláin ollmhóra roimh an gCoimisiún.

Bhí na hacmhainní airgeadais a sholáthair an Rialtas breá sásúil faoi mar a fhéadfar a fheiceáil ar mhionsonraí an chaiteachais a leagtar amach in Aguisín 2. Cé gur cheadaigh an Rialtas na hacmhainní foirne a d'iarr an Coimisiún gan mhoill, bhí an-mhoill ar fad ann leis na poist cheadaithe a líonadh toisc nach raibh aon phainéil ann de dhaoine cáilithe. Bhí ar an gCoimisiún, mar sin, tarraingt as foireann Oifig an Ombudsman, nach raibh aon saineolas, nó eolas speisialaithe roimhe sin ar Chonradh Amstardam ná ar Chomhaontuithe Thuaisceart Éireann acu, rud a d'fhág gur líonadh na folúntais a bhí ann dá bharr níos déanaí nuair a tháinig baill foirne chun a bheith ar fáil ó phainéil lenar cuimsíodh an státseirbhís ar fad. Cé go ndéantar gach Coimisiún Reifrinn a lánscor mí amháin tar éis dá thuarascáil a bheith curtha faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, tá sé tábhachtach go gcinnteoidh an Rúnaíocht nach gcaillfear an taithí a foghlaimíodh do Choimisiúin a bheidh ann amach anseo, agus go bhfillfidh an Coimisiún ar an bpointe seo ina mholtaí.

Is follas go raibh ar an gcéad Choimisiún cuid mhaith ama a chaitheamh le baill foirne agus oifig a chur i bhfeidhm, ag socrú meicníochtaí íocaíochta agus socruithe eile ó thaobh cúrsaí loighistice chomh maith le seirbhísí sainchomhairleoirí a fhostú agus feachtas faisnéise cuimsitheach a phleanáil. Níor mhór tosú ar an obair láithreach beagnach chun na foilseacháin tosaigh faoi Chonradh Amstardam a ullmhú agus leis an Suíomh Idirlín, Oifig Phreasa agus Líne Fhaisnéise a chur ar bun. I leith Chonradh Amstardam, bhí tréimhse dhá sheachtain déag ar fáil don Choimisiún chun a fheidhmeanna a chur i gcrích ó dháta a bhunaithe go dtí dáta an reifrinn. I gcás an reifrinn ar Thuaisceart Éireann, is ceithre seachtaine an t-achar ama a bhí ar fáil agus bhí dhá fheachtas faisnéise ar leithligh á reáchtáil ag an gCoimisiún i rith na tréimhse seo. Dá thoradh sin, ba sheasta dian an brú ó thaobh oibre a bhí ar na baill foirne a bhí ar iasacht, go háirithe ar an Rúnaíocht don Choimisiún, agus tháinig roinnt mhaith deacrachtaí ó thaobh cúrsaí loighistice chun cinn.

Tháinig sraith spriocdhátaí ar shála a chéile go gasta.  Daoine *ex officio* is ea ceathrar as cúigear comhalta an Choimisiúin atá suite i gceithre oifig dhifriúla le feidhmeanna reachtúla ar leithligh agus is féidir leis an méid sin ann féin a fhágáil go dtagann deacrachtaí chun cinn mar gheall ar an ngá go mbeifí i dteagmháil lena chéile, ar bhonn laethúil ar uairibh, leis an Rúnaíocht, le freastal ar chruinnithe rialta, agallaimh a thabhairt don phreas agus téacsanna raon foilseachán, fógrán, scripteanna raidió agus teilifíse agus preasráitis a cheadú, chomh maith le hanailís a dhéanamh ar thuairiscí mionsonraithe arna soláthar ag sainchomhairleoirí an Choimisiúin.

D'fhág srianta ó thaobh ama gur cailleadh deiseanna le haghaidh fógraíochta éifeachtaí (m.sh. cláir fhógraí lasmuigh) toisc nach raibh aon chinn ar fáil don Choimisiún agus gan mórán d'fhógra tugtha do sholáthraithe na spás ar chláir fhógraí den sórt sin. Lena chois sin, d'fhág an spriocdháta dian nach rabhthas in ann aon ullmhúchán nó taighde a dhéanamh roimh an bhfeachtas ach oiread le haon staidéar ar oibríochtaí comhlachtaí cosúil leis an gCoimisiún i dtíortha eile.

Tá lucht an Choimisiúin ar aon tuairim lena chéile go bhfuil sé inmhianaithe gur chóir go mbeadh an méid ama is mó is féidir faoi théarmaí an Bhunreachta ar fáil ag aon Choimisiúin amach anseo lena shainchúram a chomhlíonadh mar is ceart. Go deimhin, ba chóir gurbh fhéidir roinnt réamhoibre ó thaobh cúrsaí loighistice agus obair eile, lena n-áirítear baill foirne a chur in áit, a dhéanamh fiú sula socraíonn dhá Theach an Oireachtais na tograí don reifreann, mar shampla, a luaithe agus a bheidh fógra poiblí déanta ag an Rialtas go bhfuil faoi an Bille atá i gceist a thionscnamh.

# Aguisín 2

## Leathanaigh 11-13 de thuarascáil an Choimisiúin faoi chéad Chonradh Nice

### An Coimisiún Reifrinn agus Srianta ó thaobh Ama

Chuir an Coimisiún Reifrinn dhá thuarascáil i láthair an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go dtí seo. Bhain an chéad tuarascáil (Samhain, 1998) leis na reifrinn ar Chonradh Amstardam agus ar Chomhaontuithe Thuaisceart Éireann agus bhain an dara tuarascáil (Samhain, 1999) leis an reifreann ar Aitheantas Bunreachtúil don Rialtas Áitiúil. Cuireadh na diandeacrachtaí a bhí ann don Choimisiún chun suntais sa dá thuarascáil, go háirithe an chéad cheann, agus an Coimisiún ag féachaint lena shainchúram reachtúil a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach iomlán i gcomhthéacs frámaí ama míréadúla míréasúnta a chuir an Rialtas air ón tús. Rinneadh moltaí sonracha sa chéad tuarascáil ón gCoimisiún faoin mbealach go bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu seo ach ar an drochuair, táthar tar éis neamhaird a dhéanamh díobh. Iarradh ar an gCoimisiún trí fheachtas faisnéise ar leithligh a réachtáil an uair seo i dtréimhse seacht seachtaine. Ceithre fheachtas a bhí i gceist ar dtús. Bhain ceann de na feachtais le Conradh Nice, a bhí an-chasta ar fad. Is fiú a thabhairt chun cuimhne gur cuireadh easpa spéise agus tuisceana ar an ábhar chun suntais le taighde a rinne an Coimisiún Reifrinn ar spéis agus ar fheasacht an phobail i rith agus i ndiaidh an reifrinn ar Chonradh Amstardam. Go deimhin, i gcaitheamh na mblianta eile, tugann taighde eile, lena n-áirítear taighde a rinneadh tar éis thoradh fheachtas Chonradh Nice, le fios go bhfanann patrún seo na neamhspéise, agus an t-easpa d'aon tuiscint dhomhain ar ghnóthaí an AE, ard i gcónaí i measc thoghthóirí na hÉireann.

Bhí an cinneadh le trí reifreann a reáchtáil ar an lá céanna ina fhachtóir suntasach a d'fhág go raibh an Coimisiún faoi an-chuid srianta. Seachas a chuid fuinneamh ar fad a dhíriú ar aon togra amháin, scaipeadh é. Toradh follasach amháin ná nárbh fholáir an méid teoranta ama a bhí ar fáil i gcomhair na gcraoltaí teilifíse a roinnt idir an trí thogra (cé gur tugadh sciar níos mó den am a bhí ar fáil don díospóireacht faoi Chonradh Nice). D'oibrigh castacht na saincheisteanna a bhí i gceist i gConradh Nice, in éineacht leis an mbrú ó thaobh ama a bhí i gceist, i gcoinne aon iarrachtaí le haird an phobail a tharraingt ar an gceist agus iad a spreagadh le caint faoi ar bhonn níos leithne.

Comhlacht is ea an Coimisiún Reifrinn nach mbíonn ann ar bhonn leanúnach ó thaobh an dlí de ach déantar é a athbheochan go gairid sula reáchtáiltear reifreann agus bítear ag súil leis ansin go reáchtáilfidh sé feachtais fhaisnéise chuimsitheacha, faoi cheisteanna casta go minic ar beag tuiscint an phobail orthu. Rinneadh an pointe roimhe seo, ach is fiú é a rá arís, go mbíonn an dúchuid deacrachtaí i gceist leis seo don Choimisiún. Ag an tús, ní mór trealamh a chur ar fáil d'oifigí agus pearsanra a fháil dóibh, agus ní bhíonn aon taithí ar bith roimhe ag a bhformhór ar obair den sórt sin. Ní mór nósanna imeachta íocaíochta agus cuntasaíochta a chur i bhfeidhm freisin. Ní mór taighde a dhéanamh ar ábhar thograí an reifrinn agus ábhar faisnéise a tháirgeadh. Ní féidir leis an gCoimisiún an t-ábhar faisnéise a cheadú go críochnúil go dtí go mbeidh téacs na mBillí ceadaithe ag Tithe an Oireachtais agus cinneadh déanta i leith dháta an reifrinn.

An uair seo, cheadaigh Tithe an Oireachtais an Bille um an Aonú Leasú is Fiche ar an mBunreacht (Uimh. 2) an 1 Bealtaine 2001, agus ceadaíodh an Bille um an Tríú Leasú is Fiche ar an mBunreacht an 2 Bealtaine 2001, agus ceadaíodh an Bille um an Ceathrú Leasú is Fiche ar an mBunreacht an 4 Bealtaine 2001. Níor fógraíodh an dáta i gcomhair na reifreann go dtí an 8 Bealtaine. Ní mór seirbhísí sainchomhairleoirí agus comhairleoirí agus soláthraithe seirbhíse eile ar tríú páirtithe iad a fhostú. Nuair a bheidh ábhar faisnéise ceadaithe ag an gCoimisiún, ní mór na foilseacháin a dhearadh agus a phriontáil agus caithfidh conarthaí i gcomhair obair den sórt sin dul trí na nósanna imeachta tairisceana cuí. Caithfear gach ábhar faisnéise a aistriú agus a tháirgeadh i nGaeilge. Caithfear líonraí dáileacháin a chur i bhfeidhm agus méid ollmhór d'ábhar faisnéise a scaipeadh in am go mbeidh toghthóirí in ann a chuid féin a dhéanamh den fhaisnéis roimh an reifreann. Caithfear dóthain ama a thabhairt don phobal le haighneachtaí a dhéanamh faoi thograí an reifrinn agus caithfidh an Coimisiún anailís a dhéanamh ar na haighneachtaí agus na hargóintí ar son agus i gcoinne na dtograí a tháirgeadh agus a phoibliú. Lena chois sin caithfear fógraíocht sa phreas, obair le suíomh idirlín a fhorbairt, agus fógraíocht teilifíse agus raidió a phleanáil, a cheadú agus a chur i bhfeidhm.

Fágann an obair go mbíonnn brú ollmhór ar an gCoimisiún ó thaobh cúrsaí riaracháin agus sraith fhada de dhian-spriocdhátaí le comhlíonadh. Ní fhágann brú ó thaobh cúrsaí oibriúcháin aon am nó spás go bhforbrófar straitéisí nuálacha chun an t-ábhar faisnéise a chur in iúl don phobal nó chun díriú ar ghrúpaí áirithe ar nós vótálaithe óga.

Mar shampla, cháin roinnt tráchtairí an Coimisiún mar gheall ar fhormáid a chraoltaí teilifíse. Is é an chaoi a bhfuil cúrsaí, ná faoin am go raibh seirbhísí cuideachta fógraíochta agus cuideachta léiriúcháin fostaithe ag an gCoimisiún, ní raibh aige ach roinnt laethanta chun formáid agus ábhar na gcraoltaí a cheadú agus tosú ar an obair léiriúcháin. Timthriall phleanála agus léiriúcháin trí mhí a bhíonn i gceist de ghnáth le haghaidh fógráin teilifíse 30 soicind ar fhad. Lena chois sin, bhí súil ag an gCoimisiún go ndíreodh sé ar vótálaithe óga an uair seo trí bhearta ar nós fógraíochta i bpictiúrlanna ach, mar gheall ar an am roimh ré a bhíonn ag teastáil chun sliotáin fhógraíochta a chur in áirithint i bpictiúrlanna agus an t-am a bhíonn ag teastáil chun fógráin den sórt sin a léiriú, níorbh fhéidir sin a dhéanamh.

Thairis sin, cé gur tháirg an Coimisiún a fhoilseacháin ar fad i nGaeilge agus gur scaip sé iad a fhorleithne agus ab fhéidir, dá mbeadh níos mó am ar fáil d'fhéadfaí dáileadh na dtéacsanna Gaeilge a dhíriú ar dhaoine agus ar ghrúpaí ar spéis leo iad a fháil. Toisc nach bhfuil cumas aistriúcháin inmheánaigh ag an gCoimisiún, ní raibh na foilseacháin Ghaeilge ar fáil ag an am céanna is a bhí na foilseacháin Bhéarla. Fuair an Coimisiún roinnt mhaith gearán an uair seo agus roimhe seo ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí toisc go bhfacthas dóibh nach soláthraíonn sé seirbhís chomhionann do Ghaeilgeoirí agus nach dtugtar dóthain airde ar ábhar faisnéise a tháirgeadh agus a dháileadh i nGaeilge. Is mar gheall ar easpa ama a bhí na deacrachtaí ar fad maidir leis seo. Chaith an Coimisiún cuid mhór ama agus dua áfach le hábhar Gaeilge a tháirgeadh agus a dháileadh agus tá suíomh idirlín an Choimisiúin ina chomhartha ar an méid a baineadh amach má chuirtear na srianta ama a cuireadh ar an gCoimisiún san áireamh.

Bhí tionchar ag an easpa ama ar gach eilimint de na feachtais. In áit rud ar chóir dó a bheith ina fheachtas mealltach, a pleanáileadh go cúramach agus machnamh maith déanta air, sraith thionscnamh nach raibh ag teacht le chéile go hiomlán a bhí i gceist leis agus cáineadh i roinnt réimsí den saol é mar fheachtas anásta neamhspreagúil.

Cailleadh aon deis le sineirgí a chruthú idir eilimintí difriúla an fheachtais agus an bhroid oibre a bhí orainn leis na foilseacháin a chur chuig na priontálaithe agus iad a dháileadh nó spriocdhátaí léiriúcháin a chomhlíonadh don teilifís nó raidió.

D'fhág easpa ama nárbh fhéidir formáidí nua a fhorbairt agus a thástáil leis na hargóintí ar son agus i gcoinne na dtograí a chur i láthair, agus is iad na hargóintí sin an chuid bhuntábhachtach den fheachtas. Mionathraíodh agus feabhsaíodh go mór an fhormáid a forbraíodh i gcomhair na reifreann ar Chonradh Amstardam agus Thuaisceart Éireann, inar thug aisteoirí dhá thaobh na hargóna, ach bheadh sé níos ciallmhaire, mar gheall ar an gcaiteachas nach beag a bhí i gceist, leis seo a thástáil chomh maith le formáidí féideartha eile lena n-éifeachtacht fhoriomlán a scrúdú.

Le haghaidh aon fheachtas faisnéise poiblí suntasach, mheasfaí gur gnách go mbeadh dhá nó trí mhí ar fáil roimh ré lena phleanáil. Chaithfí idir ceithre agus sé seachtaine ar a laghad le leabhrán, a raibh sé beartaithe go gcuirfí ábhar casta in iúl leis, a dhréachtadh, a dhearadh agus a phriontáil.

Tá sé fíor-neamhghnách nach mbeadh nósanna imeachta ina ndlúthchuid d'fheachtas, a bhí chomh forleathan agus lenar bhain leibhéal caiteachais chomh suntasach, le héifeachtacht na mbeart a úsáideadh a mheas i rith an fheachtais agus tar éis deireadh a bheith curtha leis freisin. Is oth linn gur oibrigh srianta ó thaobh ama inár gcoinne arís agus muid ag iarraidh taighde bonnlíne a dhéanamh ar fheasacht agus ar dhearcaí an phobail i leith na dtrí thogra chomh maith le taighde leanúnach chun feasacht agus tuiscint a rianú de réir mar a chuaigh an feachtas ar aghaidh.

Ní féidir leis an gCoimisiún aon áibhéal a dhéanamh faoin tábhacht a bhaineann leis an tsaincheist seo dar leis agus ba mhian leis béim a leagan ar na moltaí atá á ndéanamh aige faoin bpointe seo i gCaibidil 3. Measann an Coimisiún go bhfuil sé míréasúnta go mbeifí ag súil go leanfadh a chomhaltaí ar aghaidh le bheith thíos leis an gcuid is mó den cháineadh ón bpobal mar gheall ar fhaillí a fheachtais fhaisnéise dar le daoine nuair nach bhfuil smacht ar bith aige ar bhunchúis na ndeacrachtaí.

In ainneoin ar luadh thuas, d'éirigh leis an gCoimisiún a shainchúram a chomhlíonadh an uair seo. De thoradh a iarrachtaí (faoi mar a tuairiscíodh i gCaibidilí 1 go dtí 4 de Chuid 2) d'éirigh leis cuid mhór faisnéise a chur i mbéal an phobail faoi cheann na tréimhse gairide ama a bhí ar fáil.

# Aguisín 3

## Clár ama maidir le reifreann a reáchtáil

Dréachtaítear an clár ama seo ar bhonn roinnt nithe a nglactar leo, mar seo a leanas (laethanta de réir an fhéilire i ngach cás):

**Ullmhúchán:** 14 lá le sonraíochtaí a chomhaontú agus cáipéisí tairisceana a ullmhú, a cheadú agus a fhoilsiú.

**Úsáidtear Nós Imeachta Oscailte:** 52 lá, a laghdaítear go dtí 40 lá toisc go mbíonn fógra an chonartha agus cáipéisí na tairisceana ar fáil go leictreonach. Ní dócha go mbeadh *Prior Information Notice (PIN),* a d'fhéadfadh an tréimhse a laghdú tuilleadh go dtí 22 lá, ar fáil don Choimisiún. Is féidir brath ar *PIN* agus comhlacht ag dul le scála ama ciorraithe ar an gcoinníoll gur foilsíodh é idir 52 lá agus 12 mhí roimh an dáta ar a sheoltar fógra an chonartha chuig Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

**Meastóireacht:** 5 lá le tairiscintí a mheas.

**Tréimhse neamhghníomhaíochta:** Tréimhse neamhghníomhaíochta 14 lá a mhaireann ón dáta a bhfógraítear toradh phróiseas meastóireachta na dtairiscintí do thairgeoirí.

| Eachtra | Uimhir an lá |
| --- | --- |
| Bunaítear an Coimisiún. | 1 |
| Tionóiltear an Coimisiún. | 7 |
| Cinneann an Coimisiún tairiscintí a iarraidh le haghaidh sainchomhairleoirí margaíochta/cumarsáide; iarrann ar Ghníomhaireacht Soláthair an Stáit tairisicint a chur isteach leis an leabhrán a phriontáil, cinneann go n-iarrfar tairiscintí leis an leabhrán a sheachadadh; tosaíonn ar leabhrán a dhréachtadh. | 7 |
| Comhaontaíonn an Coimisiún sonraíochtaí, ullmhaíonn, ceadaíonn agus foilsíonn cáipéisí tairisceana do chomhairleoirí margaíochta/cumarsáide, agus leis an leabhrán a sheachadadh - agus an ceann deiridh sin as féin. Comhaontaíonn Gníomhaireacht Soláthair an Stáit sonraíochtaí, ullmhaíonn, ceadaíonn agus foilsíonn cáipéisí tairisceana leis an leabhrán a phriontáil. Leanann an Coimisiún ar aghaidh leis an leabhrán a dhréachtadh. Ceapann an Coimisiún comhairleoirí dlí agus aistritheoir. | 8 go dtí 22 |
| Fanann an Coimisiún le tairiscintí a fháil – agus an Nós Imeachta Oscailte á úsáid, gan aon *Prior Indicative Notice (PIN)* – 40 lá ar a laghad.<br>Fanann Gníomhaireacht Soláthair an Stáit le tairiscintí a fháil – 22 lá ar a laghad le PIN nó 40 lá gan *PIN*. Críochnaíonn an Coimisiún an obair leis an leabhrán a dhréachtadh, cuireann faoi bhráid comhairleoirí dlí é lena mheas, faoi bhráid aistritheora lena aistriú agus dearthóirí lena dhearadh. | 23 go dtí 63 |
| Tugtar dáta an reifrinn le fios don Choimisiún, foilsíonn sé fógra lena n-iarrtar iarratais ar stádas comhlachta ceadaithe agus déanann cinneadh i leith iarratas a fuarthas. | 43 go dtí 63 |
| Déanann an Coimisiún meastóireacht ar thairiscintí le haghaidh sainchomhairleoirí, agus leis an leabhrán a sheachadadh - an ceann deiridh sin as féin - agus déanann cinneadh i leith na dtairgeoirí a mbronnfar an conradh orthu sa dá chás. Déanann Gníomhaireacht Soláthair an Stáit meastóireacht ar thairiscintí don obair phriontála agus déanann cinneadh i leith an bhuaiteora. | 64 go dtí 69 |
| Tréimhse neamhghníomhaíochta sula bhféadfar aon cheann den 3 chonradh a bhronnadh – 14 lá. | 70 go dtí 84 |
| Bronntar conarthaí. | 85 |
| Cruinniú leis an sainchomhairleoir margaíochta/cumarsáide ar éirigh leis agus comhaontaítear straitéis. | 86 go dtí 93 |
| Deartar leabhrán (mar chuid de chonradh an tsainchomhairleora margaíochta/ cumarsáide is dócha). | 86 go dtí 100 |
| Déantar suíomh idirlín a dhearadh/a uasghrádú (mar chuid de chonradh an tsainchomhairleora margaíochta/cumarsáide is dócha). | 86 go dtí 114 |
| Seoltar an leabhrán chuig an bpriontálaí – fág 30 lá le 2.3 milliún leabhrán a phriontáil agus a sheachadadh chuig moil dáileacháin. | 100 go dtí 130 |
| Fág 5 lá oibre go seachadófar leabhráin chuig gach áitreabh gach vótálaí. | 130 go dtí 135 |
| Fág am le haghaidh feachtas a mhairfidh 28 lá ón tráth a thosaítear ar leabhráin a sheachadadh. | 130 go dtí 158 |

# Aguisín 4

## Coimisiúin Reifrinn go dtí seo

| Reifreann | Dáta a Bhunaithe | Dáta an Reifrinn |
|---|---|---|
| Conradh Amstardam | 2 Márta 1998 | 22 Bealtaine 1998 |
| Comhaontuithe Thuaisceart Éireann | 22 Aibréan 1998 | 22 Bealtaine 1998 |
| Aitheantas Bunreachtúil don Rialtas Áitiúil | 4 Bealtaine 1999 | 11 Meitheamh 1999 |
| Pionós an Bháis a Chur ar Ceal | 17 Aibréan 2001 | 7 Meitheamh 2001 |
| Glacadh le Dlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta | 17 Aibréan 2001 | 7 Meitheamh 2001 |
| Conradh Nice | 17 Aibréan 2001 | 7 Meitheamh 2001 |
| Reifreann ar an nGinmhilleadh | 8 Feabhra 2002 | 6 Márta 2002 |
| Conradh Nice | 9 Iúil 2002 | 19 Deireadh Fómhair 2002 |
| Saoránacht Éireann | 22 Aibréan 2004 | 11 Meitheamh 2004 |
| Conradh Liospóin | 6 Márta 2008 | 12 Meitheamh 2008 |

# Aguisín 5

## Caiteachas ar an bhFeachtas Faisnéise

| | € |
|---|---|
| Fógraíocht (seachas fógraíocht sa phreas) | 1,535,545 |
| Costais Dlí | 59,530 |
| Preas & obair eile le feasacht an phobail a chur chun cinn | 1,901,331 |
| Costais phostais & costais dáileacháin eile | 1,042,317 |
| Foilseacháin a Phriontáil & a Dhearadh | 357,821 |
| Costais Riaracháin eile | 70,199 |
| Aistriúchán | 5,713 |
| Ilchineálach (Soláthairtí Oifige srl.) | 2,827 |
| *Iomlán | 4,975,283 |

*Faoi réir na gCuntas Deiridh

arna fhoilsiú ag:

An Coimisiún Reifrinn,
18 Sráid Líosain Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.

**Teil:** +353 1 6395695
**Facs:** +353 1  6395684

**Rphost:** refcom@ombudsman.gov.ie
**Suíomh Idirlín:** Feachtas Chonradh Liospóin 2008 - **www.lisbontreaty2008.ie**
**Suíomh idirlín ginearálta** - www.refcom.ie

PRN: A8/0899